RIALACHÁN (AE) 2022/1616 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2022

maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil1 le bia agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (h), (i), (k) agus (n), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar chuid de phlean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh 2015 ([2]), shainaithin an Coimisiún gur réamhriachtanas riachtanach é an méadú ar athchúrsáil plaisteach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar ciorclach agus gheall sé aghaidh a thabhairt ar an earnáil sin ar bhealach spriocdhírithe. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún in 2018 straitéis Eorpach le haghaidh plaisteach i ngeilleagar ciorclach ina leagtar amach na príomhghealltanais ([3]) maidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun srian a chur le drochthionchair an truaillithe phlaistigh. Féachann sé le síneadh a chur leis an acmhainn athchúrsála plaistigh san Aontas, agus le cion athchúrsáilte i dtáirgí plaisteacha agus pacáistíocht a mhéadú. Ós rud é go n-úsáidtear cuid mhór d'ábhair phacáistithe phlaisteacha mar phacáistíocht bia, ní féidir leis an mbeartas a chuspóirí a bhaint amach ach amháin má mhéadaíonn an cion plaisteach athchúrsáilte i bpacáistiú bia freisin.

(2) Ní mór leibhéal ard cosanta do shláinte an duine a áirithiú i gcónaí mar réamhchoinníoll d'aon mhéadú ar an gcion athchúrsáilte i bpacáistiú bia agus in ábhair eile a bhíonn i dteagmháil le bia. Mar sin féin, maidir le hábhair agus earraí plaisteacha a chuirtear amú, fiú nuair a thagann siad as úsáid bia, d'fhéadfadh éilleáin a bheith iontu, éilleáin atá teagmhasach i leith na húsáide sin agus a d'fhéadfadh sábháilteacht agus cáilíocht ábhar agus earraí a bhíonn i dteagmháil le bia plaisteach athchúrsáilte a chur i mbaol. Cé nach dócha go mbeidh dramhaíl phlaisteach den sórt sin éillithe le méid sách ard de shubstaintí sonracha arb eol go bhfuil sí guaiseach do shláinte an duine, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i bplaistigh a thagann as críocha tionsclaíocha, mar shampla, níl céannacht ná leibhéal na n-éilleán teagmhasach a d'fhéadfadh a bheith i bpacáistiú bia bailithe neamhchinnte, randamach, ag brath ar fhoinse agus ar mhodh bailithe na dramhaíola plaistí, agus d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann idir bailiúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart an plaisteach a dhí-éilliú le linn a athchúrsála go leibhéal ar a bhfuil sé cinnte nach féidir le héilleáin atá fágtha sláinte an duine a chur i mbaol nó tionchar eile a bheith acu ar an mbia, má úsáidtear é chun ábhair agus earraí a bhíonn i dteagmháil le bia plaisteach athchúrsáilte a tháirgeadh. Chun a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí bia agus oibreoirí gnó bia muinín a bheith acu as ábhair dhí-éillithe, agus go bhfuil léirmhíniú aonfhoirmeach ar mhéid an dí-éillithe a mheastar a bheith leordhóthanach, ba cheart dí-éilliú ábhar plaisteach athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia a bheith faoi réir sraith aonfhoirmeach rialacha.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 ón gCoimisiún ([4]), bunaíodh ceanglais shonracha cheana féin maidir le próisis athchúrsála chun a áirithiú go gcomhlíonann ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe a bheith i dteagmháil le bia Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004. Ní raibh feidhm, áfach, ag Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 maidir le gach teicneolaíocht athchúrsála, toisc gur fhág sé as an áireamh dipholaiméiriúchán ceimiceach, úsáid frithghearrthóg agus fuíoll, agus úsáid sraitheanna bacainní óna raon feidhme. Úsáid ábhar plaisteach athchúrsáilte a bhíonn i dteagmháil le bia a mhonaraítear le teicneolaíochtaí eisiata a mheasann sé a bheith faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún ([5]) maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha. Mar sin féin, ní thugtar tacaíocht shoiléir do na teicneolaíochtaí eisiata le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, mar ní shainmhínítear leis rialacha maidir le substaintí nó olagaiméirí atá aspholaiméirithe i bpáirt, frithghearrthóga, agus fuílll phróisis, agus cuirtear teorainn leis na substaintí is féidir a úsáid taobh thiar de bhacainn fheidhmiúil.

([1]) IO L 338, 13.11.2004, lch. 4.
([2]) COM/2015/0614 críochnaitheach.
([3]) COM(2018) 28 final.
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 ón gCoimisiún an 27 Márta 2008 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bianna agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 (IO L 86, 28.3.2008, lch. 9).
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1).

(4) Thug an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") faoi deara go bhfuil sé dodhéanta céannacht na n-éilleán a d'fhéadfadh a bheith in PET iarthomhaltais a úsáidtear mar ionchur i bpróiseas athchúrsála a thuar agus, dá bhrí sin, a áirithiú nach bhfuil siad géineatocsaineach ([6]). Ós rud é gur féidir an réasúnú a chuir an tÚdarás i bhfeidhm a leathnú chun dramhaíl phlaisteach eile a chumhdach, ní féidir glacadh leis go ginearálta go bhfuil na sruthanna dramhaíola eile sin saor ó ghrúpaí áirithe éilleán gan sonraí eolaíocha breise. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis freisin gur féidir measúnú riosca a dhéanamh ar éilleáin sa tslí chéanna ina ndéantar measúnú ar eisíontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, nó go bhfuil meascáin d'ábhair atá aspholaiméirithe go ceimiceach saor ó éilleáin den sórt sin, nó go bhféadfadh bacainní feidhmiúla plaisteacha a bheith go hiomlán iontu. Dá bhrí sin, ní féidir plaistigh athchúrsáilte a mhonaraítear le teicneolaíochtaí atá eisiata ó chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 a úsáid freisin faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 10/2011.

(5) Dá bhrí sin, níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 ná ag Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 le chéile maidir le gach teicneolaíocht athchúrsála plaisteach agus le hábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte. Toisc go bhfuil teicneolaíochtaí eile nuálacha athchúrsála plaistigh á bhforbairt, agus toisc go bhfuil méadú ag teacht ar mhargadh na bplaisteach athchúrsáilte, cruthaítear riosca féideartha do shláinte an duine mar gheall ar an easpa rialacha soiléire atá infheidhme agus oiriúnach agus cuirtear bac ar an nuálaíocht. Chun rialacha soiléire a bhunú agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le héilleáin theagmhasacha, is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha nua a chur in ionad Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 lena gcumhdófar gach teicneolaíocht athchúrsála plaistigh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

(6) Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 go mbeidh íonacht oiriúnach ag na substaintí a úsáidtear chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonarú, agus gur féidir na heisíontais atá fágtha a shainaithint ionas go mbeidh siad faoi réir measúnú riosca. Ós rud é gur féidir substaintí aonair a íonú go leibhéal atá oiriúnach chun na críche sin, ní gnách go gcuireann sé teorainn le modhanna táirgthe do na substaintí atá ar liosta an Aontais de shubstaintí údaraithe. Dá bharr sin, is féidir freisin na substaintí sin a mhonarú ó aon fhoinse, lena n-áirítear ó dhramhábhair dá bhrí sin. Thairis sin, ní féidir substaintí a tháirgtear ó dhramhaíl agus a fhaightear ar ardleibhéal íonachta a idirdhealú ó na substaintí céanna a tháirgtear ar bhealach eile. Dá bhrí sin, ba cheart monarú ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha ina bhfuil substaintí a fhaightear ar ardleibhéal íonachta ó dhramhábhair, agus atá ar áireamh i liosta an Aontais arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, nó faoi réir maoluithe áirithe, a bheith faoi réir an Rialacháin sin, cé nach féidir glacadh leis, *a priori*, nach bhfuil substaintí eile a fhaightear ar ardleibhéal iontu nó gur féidir iad nó a eisiamh go héasca, lena n-áirítear meascáin, olagaiméirí, agus polaiméirí a tháirgtear ó dhramhaíl, a bheith faoi réir an Rialacháin seo. Ionas nach mbeidh éiginnteacht ann maidir leis an Rialachán a bhfuil feidhm aige maidir le teicneolaíocht athchúrsála áirithe óna n-eascraíonn substaintí ag céim idirmheánach athchúrsála, ba cheart substaintí atá faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a eisiamh go soiléir ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(7) I dteanga nádúrtha, téarmaíocht a úsáidtear go forleathan agus go scaoilte, amhail "teicneolaíocht", "próiseas", "trealamh" agus "suiteáil", d'fhéadfadh sé go dtagraíonn sí do na coincheapa céanna nó do choincheapa comhchosúla agus d'fhéadfadh sé go bhfuil forluí eatarthu, ag brath ar an gcomhthéacs agus ar an úsáideoir. D'fhonn raon feidhme agus ábhar na n-oibleagáidí a leagtar síos faoin Rialachán seo a shoiléiriú, is iomchuí na coincheapa sin a shainmhíniú go soiléir chun críche an Rialacháin seo. Go háirithe, is gá idirdhealú a dhéanamh idir "teicneolaíocht athchúrsála", lena gcumhdaítear na coincheapa agus na prionsabail ghinearálta trína mbaintear éilleáin ó dhramhaíl phlaistigh, ón "próiseas athchúrsála", ina dtagraítear don tuairisc ar shraith shonrach oibríochtaí agus trealamh a dearadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht athchúrsála shonrach, agus ón "suiteáil athchúrsála", ar cheart dó tagairt a dhéanamh don trealamh fisiciúil iarbhír a úsáidtear chun an próiseas athchúrsála a oibriú chun ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonarú.

(8) Ceanglaítear leis an Rialachán seo dí-éilliú plaisteach trí bhíthin teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach, agus áirítear leis teicneolaíochtaí athchúrsála ceimiceán a úsáid ina raon feidhme. Nuair a dhéantar tagairt d'éilleáin a bhaint as substaintí nó meascáin seachas as ábhair, áfach, úsáidtear íonú go minic in ionad dí-éilliú. Nuair a chuirtear teicneolaíochtaí athchúrsála ceimiceán i bhfeidhm chun éilleáin a bhaint as meascáin nó substaintí, d'fhéadfaí a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil íonú seachas dí-éilliú bainte amach acu. Mar sin féin, ós rud é, sa chás sin, go mbaintear dí-éilliú an phlaistigh amach trí íonú, ba cheart a shoiléiriú, áfach, go n-áirítear leis an dí-éilliú freisin íonú substaintí nó meascán.

([6]) Tuairim Eolaíoch maidir leis na critéir a úsáidfear chun meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh ar phróiseas athchúrsála meicniúla chun PET athchúrsáilte a tháirgeadh a bheartaítear a úsáid chun ábhair agus earraí a bheidh i dteagmháil le bia a mhonarú, *Iris EFSA* 2011;9(7):2184.

(9) D'fhéadfaí a áireamh i bpróisis athchúrsála a lán oibríochtaí bunúsacha seicheamhacha lena gcuirtear claochlú aonair i bhfeidhm ("oibríochtaí aonaid"), ach ní féidir dí-éilliú a bhaint ach i gcuid de na hoibríochtaí sin. Ós rud é gur cheart dramhaíl phlaisteach a dhí-éilliú i gcónaí, agus gur cheart rialacha soiléire a bheith ann is infheidhme maidir le dí-éilliú, ba cheart an próiseas dí-éillithe a thabhairt ar oibríochtaí athchúrsála lena n-áirithítear le chéile dí-éilliú agus ba cheart iad a idirdhealú ó oibríochtaí a dhéantar roimh dhí-éilliú agus ina dhiaidh.

(10) Leis an dí-éilliú, déantar idirdhealú idir plaisteach athchúrsáilte nach bhfuil oiriúnach le haghaidh teagmhála le bia agus plaisteach athchúrsáilte atá oiriúnach le haghaidh na teagmhála sin, fiú má tá sé teoranta do dhí-éilliú micribhitheolaíoch. Ba cheart, dá bhrí sin, an chéim sin a bheith mar phríomhfhócas ag rialuithe oifigiúla a dhéantar i gcomhthéacs an Rialacháin seo. Ag brath ar an teicneolaíocht fheidhmeach agus/nó ar a heagrú, féadfar dí-éilliú a dhéanamh ag saoráidí a mheastar go traidisiúnta gur saoráidí bainistithe dramhaíola, saoráidí athchúrsála, nó saoráidí iad ina dtarlaíonn tiontú plaisteach. Chun aonfhoirmeacht agus soiléireacht a áirithiú maidir le ról saoráide ina ndéantar dí-éilliú faoin Rialachán seo, ba cheart saoráid athchúrsála a thabhairt go comhsheasmhach ar shaoráid den sórt sin.

(11) I bhfianaise ábharthacht an rialaithe cáilíochta maidir leis an ábhar atá á athchúrsáil maidir le cáilíocht agus sábháilteacht ábhar agus nithe plaisteacha athchúrsáilte, agus maidir le hinrianaitheacht, is iomchuí coincheap na "baisceanna" a bhfuil feidhm ag rialacha rialaithe cáilíochta maidir leo a shainiú go beacht.

(12) An prionsabal is bun le Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 seo gur cheart d'aon ábhar nó earra atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, go díreach nó go hindíreach, a bheith támh go leor chun cosc a chur ar shubstaintí a bheith á n-aistriú ó bhia i gcainníochtaí a bheadh mór go leor chun sláinte an duine a chur i mbaol nó chun bheith ina chúis le hathrú do-ghlactha ar chomhdhéanamh an bhia nó le meath ar a airíonna orgánaileipteacha. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le bia athchúrsáilte. Mar sin féin, mínítear sa Rialachán sin freisin nár cheart tús áite a thabhairt d'úsáid ábhar agus earraí athchúrsáilte ach amháin ar choinníoll go mbunaítear ceanglais dhiana maidir le sábháilteacht bia. Chun sábháilteacht bia a áirithiú, ní hamháin go n-áirítear aistriú substaintí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte an duine, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cháilíocht an bhia, ach áirítear leis freisin sábháilteacht mhicribhitheolaíoch. Ós rud é gur ó dhramhaíl a thagann ionchur an phróisis athchúrsála, is mó i bhfad an dóchúlacht go mbeidh sé éillithe go micribhitheolaíoch ná ábhair agus earraí a monaraíodh as an nua ó shubstaintí tosaithe. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an Rialachán seo nach bhfuil ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte támh go leor ach sábháilte go micribhitheolaíoch freisin.

(13) Léiríonn taithí ar mheastóireacht a dhéanamh ar phróisis faoi Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 gur cheart critéir eolaíocha a bhunú agus tuiscint shonrach a fháil ar theicneolaíocht áirithe athchúrsála roimh mheastóireacht a dhéanamh ar phróisis athchúrsála aonair ina n-úsáidtear an teicneolaíocht sin, toisc go bhféadfadh sé go bhfágfadh tuiscint neamhleor eolaíoch ar leibhéil éilleáin in ionchur agus ar fheidhmiú na teicneolaíochta an iomarca éiginnteachta murach sin chun é a chur ar chumas an Údaráis teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht na bpróiseas athchúrsála aonair sin. Is léir ón taithí a fuarthas gur féidir le teicneolaíochtaí athchúrsála eile a áirithiú go cinnte go dtiocfaidh plaisteach sábháilte athchúrsáilte as aon phróiseas athchúrsála atá á gcur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, gur beag an tairbhe a thabharfaidh an mheastóireacht ar gach próiseas athchúrsála a úsáideann na teicneolaíochtaí sin i gcomparáid leis an ualach a chuirtear ar oibreoirí gnó agus ar an Údarás araon. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil nach bhféadfar ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chur ar an margadh, i bprionsabal, ach amháin i gcás inar táirgeadh iad trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht a bhfuil tuiscint mhaith leordhóthanach uirthi go mbeidh an Coimisiún in ann cinneadh a dhéanamh an féidir, i bprionsabal, dramhaíl phlaisteach a athchúrsáil chun plaisteach a chomhlíonann ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a dhéanamh de, agus cibé acu ba cheart nó nár cheart úsáid an phlaistigh a bheith faoi réir ceanglais shonracha, lena n-áirítear an bhfuil próisis athchúrsála lena gcuirtear an teicneolaíocht sin i bhfeidhm sách éagsúil lena chéile maidir le paraiméadair na cóireála dí-éillithe nó cumraíocht an phróisis, chun a áirithiú leo go mbeidh údarú aonair de gach ceann acu ag teastáil chun sábháilteacht agus cáilíocht an phlaistigh a áirithiú.

(14) Ar bhonn na meastóireachtaí a dhéanfaidh an tÚdarás ar na hiarratais ar údarú a chuirtear isteach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 282/2008, féadfar a mheas gur teicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála iad athchúrsáil mheicniúil PET agus lúba táirge i slabhra iata agus rialaithe chun dramhaíl phlaisteach a athchúrsáil sa chaoi go ndéantar plaisteach de, plaisteach a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, agus ba cheart na coinníollacha sonracha maidir lena n-úsáid a leagan síos. Go háirithe, ba cheart próisis athchúrsála meicniúla PET a bheith faoi réir údarú aonair toisc go bhfuil déine agus fad cóireála an ionchuir phlaistigh a chuirtear i bhfeidhm sna hoibríochtaí dí-éillithe, agus, dá bhrí sin, go bhfuil a n-acmhainneacht chun dí-éilliú a dhéanamh, ag brath ar chumraíocht shonrach na bpróiseas sin, agus, dá bhrí sin, teastaíonn meastóireacht cás ar

chás ina leith bunaithe ar chritéir bhunaithe. Os a choinne sin, ní gá údarú a éileamh maidir le próisis athchúrsála aonair nach bhfaigheann ach plaisteach ó shlabhra iata agus rialaithe a chuireann cosc ar éilliú, ós rud é go ndéantar rialú leordhóthanach ansin ar thabhairt isteach éilleán sa slabhra chun a áirithiú nach féidir ach éilliú an ionchuir ó phlaisteach a bhaint trí na próisis ghlantacháin agus téimh shimplí is gá i gcás ar bith chun na hábhair a athmhúnlú.

(15) Chun sábháilteacht agus cáilíocht ábhar plaisteach athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a áirithiú, ba cheart rialacha a leagan síos maidir leis na táirgí sin a chur ar an margadh.

(16) I Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, leagtar amach ceanglais chomhdhéanaimh lena n-áirithítear úsáid shábháilte ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia plaisteach, lena n-áirítear na substaintí a údaraítear le haghaidh na dteorainneacha monaraíochta agus ascnaimh. Chun an leibhéal céanna sábháilteachta a áirithiú d'ábhair agus d'earraí plaisteacha athchúrsáilte, ba cheart iad a bheith den chomhdhéanamh céanna le plaistigh arna monarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na srianta agus na sonraíochtaí, amhail teorainneacha ascnaimh, a leagtar síos sa Rialachán sin.

(17) Chun trédhearcacht a áirithiú agus chun rialú cáilíochta agus inrianaitheacht a éascú, ba cheart clár poiblí a bhunú ina bhfuil faisnéis faoi athchúrsálaithe, faoi shuiteálacha athchúrsála agus faoi phróisis athchúrsála agus faoi chlárú sa chlár sin ina cheanglas chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chur ar an margadh.

(18) Cé go leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 rialacha sonracha maidir le lipéadú ábhar agus earraí chun úsáideoirí a chur ar an eolas maidir lena n-úsáid iomchuí, ní ann do rialacha den sórt sin maidir le hiarphróiseáil plaistigh dhí-éillithe. Mar sin féin, ag brath ar mhéid an dí-éillithe, féadfaidh feidhm a bheith ag treoracha áirithe maidir le tuilleadh próiseála agus úsáide plaistigh athchúrsáilte, amhail ceanglais mheasctha chun uaschion athchúrsáilte a bhaint amach, nó teorainneacha ar a n-úsáid. Cé go bhfuil treoracha den sórt sin le haistriú trí dhoiciméadacht, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí ábhair phlaisteacha a aithint go héasca mar ábhair a éilíonn cóireáil speisialta. Chun botúin a chosc agus chun rialuithe a éascú, ba cheart, dá bhrí sin, plaisteach athchúrsáilte a lipéadú freisin ar bhealach atá inléite go soiléir chun áirithiú go n-úsáidfear i gceart é le linn na hiarphróiseála i gcomhréir leis na treoracha ón athchúrsálaí.

(19) Chun a áirithiú go mbeidh ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha faoi réir coinníollacha le linn an phróisis athchúrsála lena n-áirithítear a sábháilteacht agus a gcáilíocht, agus chun forfheidhmiú agus feidhmiú an tslabhra soláthair a éascú, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le hoibriú gach céime athchúrsála, idir réamhphróiseáil, dhí-éilliú agus iarphróiseáil. Go háirithe, níor cheart go sáródh an leibhéal éillithe san ionchur plaisteach sa phróiseas dí-éillithe na leibhéil uasta ag ar féidir leis an bpróiseas dí-éilliú leordhóthanach a áirithiú agus, dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go gcomhlíonann cáilíocht an ionchuir na sonraíochtaí ábhartha go comhsheasmhach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún ([7]) maidir le dea-chleachtais mhonaraíochta freisin, de réir mar is iomchuí, maidir leis na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola a bhíonn ann sula ndéantar an próiseas dí-éillithe agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear córas dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm. I bhfianaise éagsúlacht na dteicneolaíochtaí athchúrsála agus na bpróiseas athchúrsála, áfach, ba cheart go bhféadfaí rialacha sonracha a ghlacadh lena gcomhlánaítear cuid de na rialacha ginearálta sin nó lena maolaítear uathu chun cumais shonracha teicneolaíochta nó próisis athchúrsála a chur san áireamh.

(20) Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha ginearálta sin maidir le hoibriú gach céime athchúrsála i ndáil le teicneolaíochtaí athchúrsála a bhraitheann ar bhunú scéime speisialta chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a úsáid agus a bhailiú ina mbíonn athchúrsálaithe, oibreoirí gnólachtaí bia agus oibreoirí gnó eile rannpháirteach agus a bhfuil sé d'aidhm aige éilliú an ionchuir phlaistigh a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus, dá bhrí sin, na ceanglais maidir leis an bpróiseas dí-éillithe a laghdú. Ós rud é go mbraitheann sábháilteacht an phlaistigh athchúrsáilte, dá bhrí sin, ar éilliú a chosc agus dá bhrí sin ar fheidhmiú ceart scéimeanna athchúrsála den sórt sin, seachas ar dhramhaíl a phróiseáil agus ar a dí-éilliú ina dhiaidh sin, is iomchuí rialacha a leagan amach sa Rialachán seo maidir lena bhfeidhmiú. Go háirithe, chun soiléireacht agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach scéime athchúrsála a áirithiú, níor cheart ach aon eintiteas amháin a bheith freagrach as a feidhmiú foriomlán a bhainistiú agus ba cheart dó a bheith freagrach as treoracha ceangailteacha a thabhairt do na hoibreoirí rannpháirteacha go léir. Ba cheart a áirithiú freisin gur féidir le rannpháirtithe, tríú páirtithe agus údaráis rialaithe na hábhair phlaisteacha agus na hearraí plaisteacha nach mór a úsáid de réir scéim athchúrsála ar leith a aithint go héasca.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2006 maidir le dea-chleachtas monaraíochta d'ábhair agus d'earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 384, 29.12.2006, lch. 75).

(21) Fiú más rud é gurb í an riail ba cheart a bheith ann nach bhféadfar ach ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a tháirgtear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí a bhfuil sé léirithe go bhfuil siad oiriúnach a chur ar an margadh, is iomchuí, chun gur féidir forbairt teicneolaíochtaí den sórt sin a dhéanamh agus a spreagadh, údarú a thabhairt, faoi choinníollacha dochta agus ar feadh tréimhse teoranta, chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chur ar an margadh agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí núíosacha. Ba cheart dó sin é a chur ar chumas forbróirí na sonraí a bhailiú maidir le líon mór samplaí atá riachtanach chun an éiginnteacht a íoslaghdú maidir le tréithriú ionchur plaisteach agus ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte agus, dá bhrí sin, atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht teicneolaíochta núíosach agus chun na ceanglais shonracha a leagan síos, i gcás inarb iomchuí.

(22) Ba cheart rialacha a leagan síos, áfach, chun a áirithiú nach mbeidh ach riosca íosta ag baint le hábhair phlaisteacha agus le hearraí plaisteacha athchúrsáilte a tháirgtear le teicneolaíochtaí núíosacha agus go mbainfear úsáid éifeachtach as an bhféidearthacht ábhair agus earraí den sórt sin a chur ar an margadh chun an fhaisnéis agus an taithí a bhailiú lena bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar an teicneolaíocht. Dá bhrí sin, sula gcuirtear na hábhair agus na hearraí athchúrsáilte sin ar an margadh, ba cheart an fhaisnéis go léir atá ar fáil faoi na prionsabail, faoi na coincheapa agus faoi na cleachtais a úsáideann an teicneolaíocht núíosach a úsáid chun rioscaí a íoslaghdú, agus ba cheart sonraí maidir le héifeachtúlacht dí-éillithe na teicneolaíochta a bheith ar fáil. I gcás nach leor na sonraí sin chun feidhmiú leordhóthanach na teicneolaíochta a fhíorú, go háirithe nuair nach é dí-éilliú an príomhphrionsabal nó an t-aon phrionsabal amháin a úsáidtear chun sábháilteacht a bhaint amach, ba cheart tástálacha comhlántacha a cheapadh bunaithe ar shonraíochtaí na teicneolaíochta nua. Thairis sin, chun leibhéal an éillithe sna hábhair ionchuir a bhunú, mar aon leis na leibhéil iarmharacha éilleáin sna hábhair agus sna hearraí deiridh agus an poitéinseal a bhaineann lena n-aistriú go bia, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le, go háirithe, faireachán anailíseach a dhéanamh ar ábhair phlaisteacha agus ar earraí plaisteacha athchúrsáilte a tháirgtear le teicneolaíochtaí athchúrsála atá á bhforbairt agus a d'fhéadfadh a bheith i substaintí guaiseacha. Chun an riosca nochta a thréithriú, níor cheart don fhaireachán sin díriú ar na meánleibhéil amháin, ach ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar ábhair amhail éilleáin áirithe a bheith ann go minic i mbaisceanna éagsúla nó an bhfuil baint acu le foinse ar leith. Thairis sin, chun muinín, eolas poiblí agus grinnscrúdú rialála ar theicneolaíochtaí atá á bhforbairt a áirithiú, tá sé tábhachtach go bpoibleofar na tuarascálacha ar shábháilteacht na n-ábhar agus ar an bhfaireachán sin.

(23) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a tháirgtear le teicneolaíochtaí núíosacha a chur ar an margadh teoranta don am is gá chun an fhaisnéis agus an taithí is gá chun measúnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht a bhailiú, ba cheart rialacha a leagan síos maidir le tionscnamh an mheasúnaithe sin. Mar sin féin, ós rud é nach dócha go bhféadfadh roinnt forbróirí suiteálacha comhchosúla a úsáid go comhuaineach agus go neamhspleách agus iad bunaithe, go substaintiúil, ar an teicneolaíocht chéanna, ba cheart leibhéal solúbthachta a bheith ann maidir le tosú agus raon feidhme an mheasúnaithe ar theicneolaíocht núíosach ionas go bhféadfar an measúnú a chur ar an eolas le faisnéis a thagann ó na forbróirí teicneolaíochta uile lena mbaineann.

(24) I gcás ina mbeidh fianaise nó táscairí ann a léiríonn go bhféadfadh ábhair phlaisteacha agus earraí atá athchúrsáilte le teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach nó le teicneolaíocht núíosach sláinte tomhaltóirí a chur i mbaol, ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún anailís a dhéanamh ar theicneolaíocht agus ar shábháilteacht na n-ábhar plaisteach agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte a tháirgeann sé, agus beart iomchuí agus láithreach a dhéanamh ina leith.

(25) Ós rud é go gceanglaítear leis an Rialachán seo údarú aonair a thabhairt do phróisis athchúrsála i gcásanna áirithe, ba cheart nós imeachta a leagan síos chuige sin. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith comhchosúil leis an nós imeachta chun substaint nua a údarú a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, arna oiriúnú de réir mar is gá d'údarú aonair próiseas athchúrsála. Go háirithe, ós rud é go gceanglaítear ar an iarratasóir eolas casta ar an bpróiseas athchúrsála lena mbaineann a bheith ag an iarratasóir chun iarratas ar údarú a ullmhú, agus ionas nach gcuirfear isteach roinnt iarratas ar an bpróiseas athchúrsála céanna, is iomchuí a leagan síos nach bhféadfaidh ach an t-oibreoir gnó a d'fhorbair an próiseas athchúrsála, seachas aon athchúrsáil a bheidh á úsáid aige, iarratas a dhéanamh ar údarú. Thairis sin, ós rud é go bhféadfadh próisis athchúrsála údaraithe a bheith faoi réir mionathruithe teicniúla agus mórathruithe teicniúla agus riaracháin le linn a saolré, ba cheart don Rialachán seo soiléireacht a áirithiú maidir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hathruithe ar phróisis athchúrsála údaraithe.

(26) Ós rud é go bhfuil suiteálacha athchúrsála casta agus go bhféadfadh a gcumraíocht agus a n-oibriú a bheith faoi réir go leor paraiméadar agus nósanna imeachta, is iomchuí, chun faireachán ar chomhlíonadh ag na hathchúrsálaithe iad féin agus iniúchtaí éifeachtúla mar chuid de rialuithe oifigiúla a éascú, a cheangal ar lucht athchúrsála a bhfuil suiteáil dí-éillithe á oibriú acu doiciméad a choimeád ar fáil ina mbeidh achoimre ar bhealach caighdeánaithe ar an tsuiteáil sin agus ar an tsuiteáil athchúrsála a bhfuil sí páirteach inti ar bhealach a léiríonn go gcomhlíontar an Rialachán seo.

(27) Ba cheart dí-éilliú plaistigh athchúrsáilte a bheith faoi réir cigireachta agus rialaithe ag na húdaráis inniúla. Le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh chun a áirithiú go gcuirtear dlí an bhia agus na beatha i bhfeidhm ([8]), cumhdaítear rialú oifigiúil freisin ar ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia agus, dá bhrí sin, áirítear suiteálacha dí-éillithe ann. Mar sin féin, cé go ndéantar foráil sa Rialachán sin do rialacha ginearálta maidir le rialuithe oifigiúla, ní leagtar amach ann aon nósanna imeachta sonracha chun suiteálacha dí-éillithe a rialú. D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialuithe oifigiúla ar shuiteálacha dí-éillithe atá neamhspleách ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe a áirithiú, is iomchuí, dá bhrí sin, teicnící rialaithe iomchuí a shainiú, mar aon le rialacha lena sainítear cathain ba cheart a mheas nach bhfuil plaisteach athchúrsáilte i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(28) Chun a áirithiú go ndéanfaidh tiontairí agus oibreoirí gnó bia úsáid iomchuí a bhaint as ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte agus plaisteacha athchúrsáilte ar bhealach inrianaithe, ba cheart dearbhú comhlíontachta a chur ar fáil chun gabháil le baisceanna plaistigh athchúrsáilte, chun céannacht an athchúrsálaí, foinse athchúrsáilte an phlaistigh a shuíomh, agus chun treoracha a chur ar fáil do na tiontairí agus d'úsáideoirí deiridh maidir lena úsáid. Chun a áirithiú gur féidir le haon duine a fhaigheann an doiciméad é a thuiscint ar bhealach aonfhoirmeach, ba cheart a cheangal ar oibreoirí teimpléad réamhshainithe a úsáid

(29) Faoi láthair, cuirtear ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte ar an margadh faoi réir rialacha náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig an Rialachán seo rianúil agus nach gcuirfidh sé isteach ar mhargadh na n-ábhar plaisteach ná na n-earraí athchúrsáilte atá ann cheana. Ba cheart, go háirithe, go bhféadfaí, go háirithe, iarratas a dhéanamh ar údarú próiseas athchúrsála atá ann cheana faoi réir údarú aonair i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus leanúint de phlaisteach athchúrsáilte agus d'ábhair agus d'earraí plaisteacha athchúrsáilte, a tháirgtear trí na próisis athchúrsála sin, a chur ar an margadh go dtí go gcríochnófar an nós imeachta údaraithe. Iarratais a chuirtear isteach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 maidir leis na próisis athchúrsála sin, ba cheart iad a mheas mar iarratais arna gcur isteach faoin Rialachán seo. Iarratais a thíolactar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 maidir le próisis athchúrsála nach bhfuil faoi réir údarú aonair i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart iad a fhoirceannadh toisc nach bhfuil aon bhonn ann chun na próisis lena mbaineann a údarú faoin Rialachán seo.

(30) Maidir le hathchúrsálaithe chuireann teicneolaíochtaí i bhfeidhm ina n-oibríochtaí athchúrsála láithreacha nach liostaítear mar theicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha, ba cheart dóthain ama a bheith acu chun a mheas an mian leo an teicneolaíocht sin a fhorbairt tuilleadh chun ligean dóibh an teicneolaíocht sin a liostú a bheith oiriúnach nó deireadh a chur lena n-úsáid na hoibríochtaí athchúrsála sin chun ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonarú. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de phlaistigh athchúrsáilte, agus ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte, a tháirgtear trí phróisis athchúrsála agus trí shuiteálacha atá bunaithe ar na teicneolaíochtaí sin agus i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta atá ann cheana a cheadú ar feadh tréimhse theoranta, dá bhrí sin.

(31) I gcás ina gcinnfidh oibreoirí an teicneolaíocht a fhorbairt a thuilleadh ionas gur féidir an teicneolaíocht a liostú mar theicneolaíocht oiriúnach, ceanglaítear leis an Rialachán seo fógra a thabhairt faoin teicneolaíocht agus forbróir a ainmniú. D'éileodh an nós imeachta um fhógra, áfach, ag am an fhógra réasúnaíocht fhairsing maidir le sábháilteacht na n-ábhar agus na n-airteagal plaisteacha athchúrsáilte sin, agus foilsiú tuarascála bunaithe orthu sin. Cé gur cheart faisnéis a bheith ag oibreoirí a úsáideann na teicneolaíochtaí sin cheana féin ar shábháilteacht na n-ábhar plaisteach athchúrsáilte agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonaraítear leo sin, tá na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo do na tuarascálacha sin forleathan. Ós rud é go bhféadfadh sé go dtógfaidh sé go leor ama an fhaisnéis bhreise is gá a fháil, is iomchuí, dá bhrí sin, cead a thabhairt do na forbróirí sin an fhaisnéis sin a chur ar fáil sna míonna tar éis an fhógra.

([8]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(32) De bhun an Rialacháin seo, ní fhéadfar a thuilleadh, tar éis dáta áirithe, ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chur ar an margadh agus a monaraíodh le suiteáil athchúrsála áirithe. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh stoic d'ábhar plaisteach athchúrsáilte nó d'earraí plaisteacha athchúrsáilte ag oibreoirí gnó bia, nó d'fhéadfadh sé gur úsáid siad iad cheana féin chun bia a phacáil. Ós rud é nach ann don chás sin mar gheall ar ábhair imní sábháilteachta láithreacha agus gur cuireadh na hábhair agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte sin ar an margadh faoi réir rialú na n-údarás náisiúnta, ba cheart cur amú bia agus ualach d'oibreoirí gnó bia a sheachaint, agus ba cheart cead a bheith acu an t-ábhar plaisteach athchúrsáilte agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte sin a úsáid chun bia a phacáil agus a chur ar an margadh, go dtí go mbeidh an stoc sin ídithe.

(33) I measc na dteicneolaíochtaí athchúrsála sin a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus nach liostaítear mar theicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála, ní mór ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí ina n-úsáidtear an plaisteach athchúrsáilte taobh thiar de bhacainn fheidhmiúil phlaisteach a mhonarú, toisc go ndéanfadh roinnt céad suiteálacha athchúrsála ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí leis an teicneolaíocht sin a mhonarú cheana féin. Go dtí seo, cuireadh ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí athchúrsáilte a mhonaraítear leis an teicneolaíocht sin ar an margadh, ag glacadh leis go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 10/2011, agus faoi réir rialú na n-údarás inniúil náisiúnta. Ní chuireann an fhaisnéis atá ann faoi láthair maidir leis na hábhair seo amhras i gcoinne chomhlíonadh iarbhír an Rialacháin sin. Go háirithe, níl dóthain faisnéise ar fáil maidir le cumas na mbacainní feidhmiúla chun ascnamh go bia éilleán atá sa phlaisteach athchúrsáilte a chosc thar thréimhse fhada ama. Dá bhrí sin, níor cheart an teicneolaíocht sin a bhunú mar theicneolaíocht athchúrsála oiriúnach go fóill. Mar sin féin, murab ionann agus teicneolaíochtaí eile a mheasfar a bheith nua chun críocha an Rialacháin seo, tuigtear cheana féin príomhphrionsabail na teicneolaíochta sin. Leis sin, beifear in ann oiriúnuithe sonracha a leagan síos ar na rialacha maidir le teicneolaíochtaí núíosacha a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta sin go dtí go ndéanfar cinneadh faoina hoiriúnacht, agus go háirithe ceanglas a chur isteach chun éifeachtacht phrionsabal na mbacainne a fhíorú. Dá bhrí sin, cé go ndealraíonn sé, ar thaobh amháin, i bhfianaise líon na suiteálacha atá ann cheana, nach gá a cheangal go ndéanfar faireachán ar na suiteálacha athchúrsála uile sin chun sonraí leordhóthanacha a fháil maidir le leibhéil éillithe, ar an taobh eile, ós rud é, ar bhonn an eolais atá ar fáil cheana féin, go bhfuil amhras ann go bhfuil bacainní feidhmiúla ann chun imirce éilleán a chosc go fadtéarmach, is iomchuí ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí arna monarú leis an teicneolaíocht sin a chur ar an margadh faoi réir an choinníll go ndearnadh an tástáil bhreise sin.

(34) Ceanglaítear leis an Rialachán seo go ndéanfaidh oibreoirí bainistithe dramhaíola áirithe atá bainteach le bailiú plaistigh, chomh maith leo siúd a bhfuil baint acu le hoibríochtaí breise mar chuid den réamhphróiseáil, córas dearbhaithe cáilíochta deimhnithe a bhunú chun cáilíocht agus inrianaitheacht an ionchuir ó phlaisteach a áirithiú. Ós rud é go bhfuil am ag teastáil ó na hoibreoirí sin chun ullmhú go hiomlán don deimhniúchán sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do na hoibreoirí sin iad féin a chur in oiriúint don cheanglas sin.

(35) Chun a áirithiú go gcuirfear modhanna anailíseacha i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach agus leordhóthanach, ceanglaítear leis an Rialachán seo go mbeidh athchúrsálaithe a dhéanann faireachán ar leibhéil éilleán mar chuid dá ngníomhaíochtaí maidir le forbairt teicneolaíochtaí núíosacha a ghlacann páirt i dtástálacha inniúlachta. Ós rud é go leagtar amach an ceanglas sin den chéad uair leis an Rialachán seo, is gá na tástálacha inniúlachta sin a oiriúnú tuilleadh d'fhorálacha an Rialacháin seo, agus teastaíonn am ó shaotharlanna chun a rannpháirtíocht a eagrú. Dá bhrí sin, ba cheart go leor ama a cheadú chun gur féidir tástálacha inniúlachta den sórt sin a oiriúnú agus a eagrú.

(36) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 a aisghairm.

(37) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Is beart sonrach é an Rialachán seo de réir bhrí Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.

2. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ábhair phlaisteacha agus earraí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a chur ar an margadh, ar ábhair agus earraí iad ina bhfuil plaisteach de thionscnamh dramhaíola nó a mhonaraítear astu;

(b) forbairt agus oibriú teicneolaíochtaí, próiseas agus suiteálacha athchúrsála chun plaisteach athchúrsáilte a tháirgeadh lena úsáid sna hábhair phlaisteacha agus sna hearraí plaisteacha sin;

(c) ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte agus ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a athchúrsáil a úsáid i dteagmháil le bia.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le húsáid dramhaíola chuig substaintí monaraithe atá ar áireamh i liosta an Aontais de shubstaintí údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, ná maidir le monarú substaintí atá faoi réir Airteagal 6(1), (2), agus Airteagal 6(3), pointe (a), de, nuair atá sé beartaithe iad a úsáid ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Rialachán sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus ag na sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(1) "dramhaíl", "dramhaíl chathrach", "bainistiú dramhaíola", "bailiú", "athúsáid", "athchúrsáil", agus "dramhaíl neamhghuaiseach", mar atá leagtha síos in Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]);

(2) "gnólacht bia" agus "oibreoir gnó bia", mar a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]);

(3) "údaráis inniúla", agus "iniúchóireacht", mar a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2017/625.

3. Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin chun críche an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn "teicneolaíocht athchúrsála" meascán sonrach de choincheapa, prionsabail, agus cleachtais fhisiceacha nó cheimiceacha chun sruth dramhaíola de chineál áirithe a athchúrsáil agus a bhailítear ar bhealach áirithe ina n-ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus ina nithe de chineál sonrach agus lena ngabhann úsáid shonrach atá beartaithe, agus lena n-áirítear teicneolaíocht dí-éillithe;

(2) ciallaíonn "teicneolaíocht dí-éillithe" meascán sonrach de choincheapa, prionsabail agus cleachtais fhisiceacha nó cheimiceacha, ar cuid de theicneolaíocht athchúrsála é arb é an príomhchuspóir atá léi éilliú a bhaint nó é a íonú;

(3) ciallaíonn "próiseas athchúrsála" seicheamh oibríochtaí aonaid atá ceaptha chun ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha a mhonarú trí réamhphróiseáil, trí phróiseas dí-éillithe agus trí iarphróiseáil, agus atá bunaithe ar theicneolaíocht shonrach athchúrsála;

(4) ciallaíonn "plaistigh athchúrsáilte" plaisteach atá mar thoradh ar phróiseas dí-éillithe próiseas athchúrsála agus plaisteach atá mar thoradh ar oibríochtaí iarphróiseála ina dhiaidh sin agus nach gclaochlaítear go fóill ina n-ábhair phlaisteacha agus ina n-earraí plaisteacha athchúrsáilte;

(5) ciallaíonn "ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte" ábhair agus earraí a bhíonn i dteagmháil le bia agus iad sa riocht críochnaithe, agus atá déanta ina n-iomláine nó i bpáirt as plaisteach athchúrsáilte;

(6) tagraíonn "cion athchúrsáilte" don mhéid plaistigh athchúrsáilte atá díreach mar thoradh ar phróiseas dí-éillithe próisis athchúrsála atá ann in ábhair phlaisteacha athchúrsáilte bhreise nó in ábhair phlaisteacha athchúrsáilte bhreise agus in earraí a mhonaraítear astu.

([9]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

(7) ciallaíonn "réamhphróiseáil" gach oibríocht bainistithe dramhaíola a dhéantar chun dramhaíl phlaisteach a shórtáil, a stialladh, a ní, a mheascadh nó a chóireáil ar shlí eile chun í a dhéanamh oiriúnach don phróiseas dí-éilliúcháin;

(8) ciallaíonn "ionchur plaisteach" na hábhair phlaisteacha atá mar thoradh ar réamhphróiseáil a dhéantar i bpróiseas dí-éillithe;

(9) ciallaíonn "próiseas dí-éillithe" seicheamh sonrach d'oibríochtaí aonaid arb é is príomhchuspóir dóibh, le chéile, éilliú a bhaint as ionchur plaisteach ionas go mbeidh sé oiriúnach le haghaidh teagmháil le bia, agus úsáid á baint as teicneolaíocht shonrach dí-éillithe;

(10) ciallaíonn "éilliú teagmhasach" éilliú atá ann in ionchur plaisteach a thagann as bia, as ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a cheaptar agus a úsáidtear le haghaidh teagmhála le bia, óna n-úsáid nó óna mí-úsáid chun críocha neamhbhia, agus as láithreacht neamhbheartaithe substaintí, ábhar agus nithe eile de bharr bainistiú dramhaíola;

(11) ciallaíonn "iarphróiseáil" gach oibríocht aonaid i ndiaidh phróiseas an dí-éillithe trína ndéantar a haschur a pholaiméiriú tuilleadh, a chóireáil ar bhealach eile, agus/nó a thiontú, as a dtagann ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte ina staid chríochnaithe;

(12) ciallaíonn "suiteáil athchúrsála" an trealamh a oibríonn cuid de phróiseas athchúrsála ar a laghad;

(13) ciallaíonn "suiteáil dí-éillithe" trealamh sonrach a bhfuil próiseas dí-éillithe á oibriú aige;

(14) ciallaíonn "saoráid athchúrsála" suíomh ina bhfuil suiteáil dí-éillithe amháin ar a laghad lonnaithe;

(15) ciallaíonn "scéim athchúrsála" socrú idir eintitis dhlíthiúla chun úsáid, bailiú ar leithligh agus athchúrsáil ábhar plaisteach agus earraí plaisteacha a bhainistiú, arb é is cuspóir dó éilliú na n-ábhar agus na n-earraí sin a theorannú nó a chosc chun a n-athchúrsáil a éascú;

(16) ciallaíonn "athchúrsálaí" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann próiseas dí-éillithe i bhfeidhm;

(17) ciallaíonn "tiontóir" aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann oibríocht aonaid iarphróiseála amháin nó níos mó;

(18) ciallaíonn "oibríocht aonaid" bunoibríocht ar cuid de phróiseas í, agus a chuireann claochlú aonair i bhfeidhm ar a hionchur, nó ar níos mó claochluithe má tharlaíonn siad i gcomhcheangal;

(19) ciallaíonn "céim mhonaraíochta" aon oibríocht sheicheamhach aonaid amháin nó níos mó agus, ina dhiaidh sin, measúnú cáilíochta ar an ábhar a eascraíonn as an gcéim sin;

(20) ciallaíonn "baisc" méid plaistigh den cháilíocht chéanna, a tháirgtear agus úsáid á baint as paraiméadair táirgthe aonfhoirmeacha ag céim áirithe monaraíochta, arna stóráil agus arna gcoimeád chun meascadh le hábhair eile nó le héilliú a eisiamh, agus atá ainmnithe amhlaidh trí uimhir aonair táirgthe.

Airteagal 3

Teicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála

1. Measfar go bhfuil teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach má léirítear go bhfuil sí in ann dramhaíl a athchúrsáil ina hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus ina n-earraí plaisteacha athchúrsáilte a chomhlíonann Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus atá sábháilte ó thaobh micribhitheolaíochta de.

2. Déanfar teicneolaíochtaí athchúrsála a idirdhealú bunaithe ar na hairíonna seo a leanas:

(a) cineál, modh bailithe agus tionscnamh an ábhair ionchuir;

(b) an teaglaim shonrach de choincheapa, de phrionsabail agus de chleachtais fhisiceacha agus cheimiceacha a úsáidtear chun an t-ábhar ionchuir sin a dhí-éilliú;

(c) cineál agus úsáid bheartaithe na n-ábhar plaisteach agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte;

(d) an gá nó an easpa riachtanais maidir le meastóireacht agus údarú a dhéanamh ar phróisis athchúrsála a chuireann an teicneolaíocht sin i bhfeidhm, agus na critéir chuige sin.

3. Liostaítear teicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála in Iarscríbhinn I. Féadfar Iarscríbhinn I a leasú i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 16.

4. I gcás ina mbeidh an acmhainn chun dí-éilliú leordhóthanach a bhaint amach ar phróisis athchúrsála a úsáideann teicneolaíocht áirithe athchúrsála ag brath ar shonrú beacht an ionchuir, ar chumraíocht mhionsonraithe na bpróiseas sin nó ar na coinníollacha oibriúcháin a cuireadh i bhfeidhm, agus nach féidir an chumraíocht sin ná na coinníollacha sin a leagan síos i rialacha simplí an tráth a bhunófar an teicneolaíocht sin mar phróisis oiriúnacha, déanfaidh an Coimisiún gach próiseas athchúrsála ina n-úsáidtear an teicneolaíocht sin a údarú ar bhonn aonair i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i gCaibidil V, agus go háirithe in Airteagal 19(1) de ("an t-údarú").

5. Sonrófar in Iarscríbhinn I an bhfuil próisis athchúrsála aonair le húdarú i gcás teicneolaíocht athchúrsála aonair.

6. Measfar gur teicneolaíocht nua chun críche an Rialacháin seo aon teicneolaíocht athchúrsála nach raibh faoi réir cinneadh maidir lena hoiriúnacht i gcomhréir le hAirteagal 15 nó le hAirteagal 16.

CAIBIDIL II

ÁBHAIR AGUS EARRAÍ PLAISTEACHA ATHCHÚRSÁILTE AGUS PLAISTEACHA ATHCHÚRSÁILTE A CHUR AR AN MARGADH

Airteagal 4

Ceanglais maidir le hábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte

1. Ní chuirfear ábhair phlaisteacha athchúrsáilte ná earraí plaisteacha athchúrsáilte ar an margadh ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i mír 2 go mír 7 le linn a monaraithe.

2. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i gCaibidlí II, III agus V de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 maidir le hábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte.

3. Déantar na hábhair agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte agus úsáid á baint as ceann de na nithe seo a leanas:

(a) teicneolaíocht oiriúnach athchúrsála a liostaítear in Iarscríbhinn I; nó,

(b) teicneolaíocht nua dá dtagraítear in Airteagal 3(6) agus a forbraíodh i gcomhréir le Caibidil IV.

4. I gcás ina ndéanfar na hábhair phlaisteacha agus na hearraí athchúrsáilte agus úsáid á baint as teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach, comhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) i gcás inarb ábhartha, tugadh údarú don phróiseas athchúrsála a úsáidtear chun na hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonarú.

(b) go gcomhlíonann athchúrsáil agus úsáid plaisteach athchúrsáilte chun na hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonarú na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagail 6, 7 agus 8, arna bhforlíonadh leis na sonraíochtaí agus na ceanglais maidir leis an teicneolaíocht a leagtar amach i gcolún 8 d'Iarscríbhinn I agus maidir leis na ceanglais a leagtar síos san údarú, agus faoi réir na maoluithe sonracha a shonraítear i gcolún 9 d'Iarscríbhinn I, agus nó san údarú.

(c) de mhaolú ar phointe (b), i gcás ina mbeidh an teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach le cur chun feidhme trí scéim athchúrsála, comhlíonfaidh athchúrsáil agus úsáid na n-ábhar plaisteach athchúrsáilte agus na nithe plaisteacha athchúrsáilte na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 9, agus, i gcás inarb ábhartha, na rialacha sonracha maidir leis an teicneolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

5. I gcás ina monaraítear ábhair phlaisteacha agus earraí athchúrsáilte trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht núíosach, comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 10 go 13.

6. Áirítear i gclár an Aontais a bunaíodh in Airteagal 24 an fhaisnéis seo a leanas maidir le monarú an phlaistigh athchúrsáilte:

(a) an tsuiteáil dí-éillithe inar monaraíodh an plaisteach athchúrsáilte, seoladh na saoráide athchúrsála, agus céannacht an athchúrsálaí a d'oibrigh í;

(b) an próiseas athchúrsála údaraithe a chuirfear i bhfeidhm, má cheanglaítear leis an teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach a chuirfear i bhfeidhm go n-údarófar na próisis athchúrsála;

(c) ainm na scéime athchúrsála a úsáidtear, céannacht an eintitis a bhainistíonn í, agus na marcálacha a cuireadh i bhfeidhm, má éilíonn an teicneolaíocht athchúrsála fheidhmeach scéim athchúrsála a úsáid;

(d) ainm na teicneolaíochta nua, má úsáideann monarú an phlaistigh athchúrsáilte teicneolaíocht athchúrsála núíosach.

7. I gcás inarb ábhartha, ní dhéanfar stádas an phróisis athchúrsála údaraithe a úsáidtear don mhonaraíocht sa Chlár a bhunaítear le hAirteagal 24 a "toirmiscthe" nó "a chúlghairm".

8. Ní hionann stádas an ghléasra dí-éillithe a úsáidtear don mhonaraíocht agus an stádas sa Chlár a bhunaítear le hAirteagal 24 agus a úsáidtear don mhonaraíocht.

Airteagal 5

Ceanglais maidir le doiciméadacht, treoracha agus lipéadú

1. Beidh baisceanna aonair de phlaisteach athchúrsáilte agus d'ábhair agus d'earraí plaisteacha athchúrsáilte faoi réir aon doiciméid nó taifid amháin maidir lena gcáilíocht, agus sainaithneofar iad le huimhir uathúil agus le hainm na céime monaraíochta óna dtionscnaíonn siad.

2. Beidh dearbhú maidir le comhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 29 ag gabháil le plaisteach athchúrsáilte a chuirfear ar an margadh.

3. Déanfar coimeádáin le plaisteach athchúrsáilte a sheachadtar chuig tiontairí a lipéadú. Beidh ar an lipéad an tsiombail a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, agus ina dhiaidh sin:

(a) an tsiombail **RIN** agus uimhir chláraithe na suiteála dí-éillithe inar monaraíodh an plaisteach athchúrsáilte i gcomhréir le hAirteagal 24;

(b) an tsiombail **Baiscuimhir** agus an bhaiscuimhir ina diaidh;

(c) céatadán de réir meáchain an chion athchúrsáilte;

(d) an céatadán uasta de réir meáchain den chion athchúrsáilte a fhéadfaidh a bheith in ábhair phlaisteacha agus in earraí plaisteacha eile ina bhfuil an plaisteach athchúrsáilte, más lú ná 100 % an céatadán sin, agus;

(e) nuair a thugtar treoracha breise sa dearbhú dá dtagraítear i mír 2, an tsiombail a shainmhínítear in ISO 7000 ag a bhfuil uimhir thagartha 1641.

4. Beidh na lipéid dá dtagraítear i mír 3 soléite i gcónaí, beidh siad suite in áit infheicthe, agus beidh siad ceangailte go daingean.

Beidh an clómhéid íosta ar na lipéid 17 pointe (6 mm) ar a laghad ar choimeádáin ar lú ná 75 gceintiméadar an toise is mó díobh, 23 phointe ar choimeádáin ar a bhfuil an toise is mó idir 75 gceintiméadar agus 125 gceintiméadar, agus 30 pointe ar choimeádáin ar mó ná 125 gceintiméadar an toise is mó iontu.

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfar lipéadú a fhágáil ar lár ó choimeádáin sheasta a suitear i suiteálacha nó ar fheithiclí.

6. Na srianta agus na sonraíochtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I maidir le húsáid ábhar plaisteach athchúrsáilte nó earraí plaisteacha a mhonaraítear le teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach, agus, i gcás inarb ábhartha, srianta agus sonraíochtaí a leagtar síos san údarú maidir le húsáid ábhair athchúrsáilte nó earraí a mhonaraítear le próiseas athchúrsála, áireofar iad ar an lipéadú a cheanglaítear le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ar ábhar athchúrsáilte nó ar earraí athchúrsáilte a sholáthraítear d'oibreoirí gnólachtaí bia nó do thomhaltóirí deiridh.

CAIBIDIL III

CEANGLAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE hATHCHÚRSÁIL PHLAISTEACH AGUS ÚSÁID PLAISTIGH ATHCHÚRSÁILTE

Airteagal 6

Ceanglais maidir le bailiú agus réamhphróiseáil

1. Áiritheoidh oibreoirí bainistithe dramhaíola atá rannpháirteach i slabhra soláthair ionchur plaisteach go gcomhlíonann an dramhaíl phlaisteach bailithe na ceanglais seo a leanas:

(a) is ó dhramhaíl chathrach amháin a thagann an dramhaíl phlaisteach, nó ó mhiondíol bia nó ó ghnólachtaí bia eile más rud é nár ceapadh í ach amháin chun teagmháil a dhéanamh le bia, lena n-áirítear dramhaíl a chaitear amach ó scéim athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 9(6);

(b) nach dtagann an dramhaíl phlaisteach ach as ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha arna monarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 nó as ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí athchúrsáilte arna monarú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(c) go bhfuil an dramhaíl phlaisteach faoi réir bailiú ar leithligh;

(d) maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha atá éagsúil leis an bplaisteach a bhfuil an próiseas dí-éillithe ceaptha dó, lena n-áirítear caipíní, lipéid agus greamacháin, ábhair agus substaintí eile, agus bia atá fágtha, laghdaítear go leibhéal a shonraítear sna ceanglais maidir leis an ionchur plaisteach a sholáthraíonn an t-athchúrsálaí agus nach gcuirfidh i mbaol an leibhéal dí-éillithe a baineadh amach.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (c), measfar an dramhaíl phlaisteach a bheith bailithe ar leithligh má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach bhfuil inti ach ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a chomhlíonann ceanglais mhír 1, pointí (a) agus (b), agus a bailíodh ar leithligh lena n-athchúrsáil ó aon dramhaíl eile;

(b) bailítear í in éineacht le codáin eile dramhaíola ó phacáistíocht de dhramhaíl chathrach nó le codáin eile de phlaisteach neamhphacáistithe, de mhiotal, de pháipéar nó de ghloine de dhramhaíl chathrach a bhailítear ar leithligh ó dhramhaíl iarmharach lena hathchúrsáil, agus comhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(i) ní bhailíonn an córas bailiúcháin ach dramhaíl neamhghuaiseach;

(ii) go ndéantar an dramhaíl a bhailiú agus an sórtáil ina dhiaidh sin a dhearadh agus a chur i gcrích chun íoslaghdú a dhéanamh ar éilliú dramhaíola plaisteacha bailithe ó aon dramhaíl phlaisteach nach gcomhlíonann ceanglais mhír 1, pointí (a) agus (b), nó dramhaíl eile;

3. Déanfar an dramhaíl phlaisteach a rialú le linn an bhailithe agus na réamhphróiseála trí bhíthin córais dearbhaithe cáilíochta. Maidir leis na córais dearbhaithe cáilíochta:

(a) a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2;

(b) inrianaitheacht gach baisc a áirithiú suas go dtí an pointe ar chéad sórtáil na dramhaíola plaistí a bailíodh; agus,

(c) beidh siad deimhnithe ag tríú páirtí neamhspleách.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 ón gCoimisiún chomh maith le pointe B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le dea-chleachtas monaraíochta, rialú cáilíochta agus córais dearbhaithe agus an doiciméadacht ábhartha.

Airteagal 7

Ceanglais maidir le dí-éilliú

1. Comhlíonfaidh ionchur agus aschur plaisteach an phróisis dí-éillithe a chuirfear i bhfeidhm na sonraíochtaí a leagtar amach i dtábla 1, colúin 3, 5 agus 6, d'Iarscríbhinn I don teicneolaíocht athchúrsála ábhartha agus, más infheidhme, na critéir shonracha a leagtar amach san údarú.

2. Déanfar an próiseas dí-éillithe i gcomhréir leis na sonraíochtaí agus na ceanglais ábhartha a leagtar amach i dtábla 1, colún 8, d'Iarscríbhinn I agus, más infheidhme, na critéir shonracha a leagtar amach san údarú. Áiritheoidh athchúrsálaithe go gcomhlíonfar Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006.

3. Comhlíonfaidh suiteáil an dí-éillithe na ceanglais seo a leanas:

(a) tá sé lonnaithe i saoráid athchúrsála aonair, atá eagraithe chun a áirithiú nach dtarlóidh éilliú nua ar ábhair ná ar earraí plaisteacha athchúrsáilte ná plaisteacha athchúrsáilte;

(b) freagraíonn a cumraíocht agus a oibríocht don phróiseas athchúrsála a chuireann sé i bhfeidhm;

(c) oibrítear í de réir mar a thuairiscítear sa bhileog achoimre ar chomhlíonadh a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26.

4. Coimeádfar ar bun stór taifead a úsáidtear chun faisnéis a thaifeadadh maidir le cáilíocht baisceanna aonair mar a shainmhínítear i roinn 4.1 den bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh dá dtagraítear i mír 3, pointe (c). Coimeádfar taifid atá stóráilte sa stór lárnach sin ar feadh cúig bliana ar a laghad.

Airteagal 8

Ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a iarphróiseáil agus a úsáid

1. Comhlíonfaidh tiontairí na ceanglais seo a leanas:

(a) plaisteach athchúrsáilte iarphróiseála i gcomhréir leis na treoracha a chuirfidh an t-athchúrsálaí nó an tiontaire soláthair ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5(3);

(b) i gcás inarb iomchuí, treoracha a chur ar fáil do tiontairí ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 5(3), (4) agus (5); Agus,

(c) i gcás inarb ábhartha, treoracha a thabhairt d'úsáideoirí na n-ábhar agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte i gcomhréir le hAirteagal 5(6).

2. Bainfidh oibreoirí gnólachtaí bia úsáid as ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus as earraí plaisteacha athchúrsáilte i gcomhréir leis na treoracha a gheofar i gcomhréir le hAirteagal 5(6).

Déanfaidh siad treoracha ábhartha maidir le bia atá pacáilte sna hábhair agus sna nithe sin, agus/nó oibreoirí gnó bia eile, i gcás inarb ábhartha, a chur in iúl do thomhaltóirí.

3. Déanfaidh miondíoltóirí ábhar plaisteach athchúrsáilte agus earraí athchúrsáilte nach bhfuil i dteagmháil le bia fós na treoracha ábhartha a chur in iúl d'úsáideoirí na n-ábhar agus na n-earraí sin i gcás nach mbeidh na treoracha sin soiléir ó lipéadú atá curtha i bhfeidhm cheana féin ar na hábhair agus ar na hearraí sin.

Airteagal 9

Ceanglais maidir le scéimeanna athchúrsála a oibriú

1. Gníomhóidh eintiteas dlíthiúil amháin i gcáil bainisteora ar scéim athchúrsála agus beidh sé freagrach as feidhmiú foriomlán na scéime athchúrsála.

Ar a laghad 15 lá oibre sula gcuirfear tús le hoibriú scéime athchúrsála, cuirfidh bainisteoir na scéime athchúrsála é sin in iúl don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil sí lonnaithe agus don Choimisiún chun críche a cláraithe i gclár an Aontais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 24.

Soláthróidh an bainisteoir a ainm, a sheoladh, a dhaoine teagmhála, ainm na scéime, achoimre ar an scéim nach faide ná 300 focal, an mharcáil dá dtagraítear i mír 5, liosta de na Ballstáit ina bhfuil oibreoirí gnó atá rannpháirteach sna scéimeanna, agus tagairtí d'aon suiteálacha dí-éillithe a úsáideann an scéim. Ina dhiaidh sin, áiritheoidh an bainisteoir go gcoimeádfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

2. Ní bhunófar bileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh, agus ní bheidh feidhm ag Airteagal 25(1), pointe (c), ná Airteagal 26 nuair a thabharfaidh lucht athchúrsála fógra faoi tháirgeadh plaistigh athchúrsáilte mar chuid de scéim athchúrsála, mura rud é go gceanglaítear ar Thábla 1, colún 8, d'Iarscríbhinn I é a bhunú. I gcás nach bhfuil feidhm ag Airteagal 25(1), pointe (c), agus Airteagal 26, beidh an stádas clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (g), dá dtagraítear in Airteagal 25(2), "gníomhach".

3. Cuirfidh bainisteoir na scéime athchúrsála aon doiciméad amháin ar fáil do gach oibreoir gnó rannpháirteach agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha eile. Leagfar amach sa doiciméad sin cuspóirí na scéime, míneofar conas a fheidhmíonn sí, cuirfear treoracha ar fáil, agus leagfar amach na hoibleagáidí mionsonraithe a chuireann sí ar na rannpháirtithe. Beidh cur síos ar na hoibríochtaí athchúrsála san áireamh sa mhíniú sin.

4. Bunófar scéimeanna athchúrsála i gcomhréir leis na ceanglais shonracha is infheidhme maidir leis an teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach a chuirfear i bhfeidhm, mar a leagtar síos i dTábla 1 in Iarscríbhinn I agus, i gcás inarb infheidhme, le húdarú an phróisis athchúrsála a chuirfear i bhfeidhm.

Beidh córas bailithe dramhaíola ina chuid de scéim athchúrsála agus beidh sé tiomnaithe don scéim d'fhonn a áirithiú nach mbaileofar ach ábhair agus earraí a úsáideadh faoi réir na scéime.

5. Ag céimeanna úsáide a bhfuil a dtadhall le bia ceaptha nó intuartha, déanfar na hábhair agus na nithe ar fad a úsáidtear faoi réir scéime athchúrsála a lipéadú le marc a bheidh cláraithe i gclár an Aontais a bhunaítear in Airteagal 24. Beidh an mharcáil sin infheicthe go soiléir, doscriosta agus uathúil don scéim athchúrsála.

6. Aon oibreoir gnólachta bia a úsáideann ábhair agus earraí a bhfuil marcáil orthu dá bhforáiltear i mír 5, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh na hábhair agus na nithe sin na ceanglais seo a leanas:

(a) go ndéantar iad a lipéadú, a úsáid agus a ghlanadh i gcomhréir leis na treoracha a gheofar ó bhainisteoir na scéime athchúrsála;

(b) ní úsáidtear iad ach amháin chun na bianna a bhfuil siad beartaithe dóibh a dháileadh, a stóráil, a thaispeáint agus a dhíol;

(c) nach bhfuil siad éillithe le hábhair nó le substaintí seachas iad sin atá ceadaithe ag an scéim athchúrsála.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais sin, eisiafar na hábhair nó na hearraí ón scéim athchúrsála agus cuirfear as an áireamh iad.

7. I gcás ina gceadaítear bailiú ó thomhaltóirí le scéim, déanfar bailiú ar leithligh ó dhramhaíl eile ag pointí bailithe ainmnithe atá oiriúnach chun a áirithiú go bhfuil an bailiú dramhaíola i gcomhréir leis an scéim.

8. Ní fhéadfar ábhair ná earraí plaisteacha athchúrsáilte a tháirgtear i gcomhréir leis an scéim a chur ar an margadh lena n-úsáid lasmuigh den scéim, mura rud é go bhforáiltear i gcolún 9 d'Iarscríbhinn I do mhaolú ar an gceanglas sin.

9. Déanfaidh oibreoirí gnó agus eagraíochtaí eile atá rannpháirteach i scéim athchúrsála an méid seo a leanas:

(a) córas dearbhaithe cáilíochta a oibriú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2023/2006, a ceapadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais na scéime; nó,

(b) de rogha air sin, féadfaidh oibreoirí beaga gnó bia ceanglais na scéime a chur chun feidhme mar chuid dá nósanna imeachta buana bunaithe ar phrionsabail "anailís ghuaise agus pointí rialúcháin criticiúla" (HACCP) dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm *mutatis mutandis* maidir le guaiseacha éillithe an phlaistigh.

CAIBIDIL IV

TEICNEOLAÍOCHTAÍ ATHCHÚRSÁLA A FHORBAIRT AGUS A LIOSTÚ

Airteagal 10

Ceanglais maidir le teicneolaíocht núíosach a fhorbairt

1. Féadfaidh roinnt forbróirí teicneolaíochtaí núíosacha a fhorbairt go neamhspleách ag an am céanna, fiú má mheastar go bhfuil na teicneolaíochtaí sin cosúil nó mar an gcéanna.

I gcás ina rachaidh oibreoirí gnó nó eagraíochtaí eile i gcomhar le chéile chun teicneolaíocht núíosach a fhorbairt, déanfaidh eintiteas dlíthiúil aonair ionadaíocht thar ceann na n-oibreoirí nó na n-eagraíochtaí sin, agus gníomhóidh sé mar fhorbróir na teicneolaíochta nua.

2. Sé mhí ar a laghad roimh thús oibriú an chéad ghléasra dí-éillithe a oibrítear ar bhonn Airteagal 4(3), pointe (b), tabharfaidh an forbróir fógra don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil an forbróir bunaithe agus don Choimisiún faoin teicneolaíocht núíosach.

Chun críche an teicneolaíocht núíosach a chlárú i gclár an Aontais a bhunaítear le hAirteagal 24, áireoidh an forbróir san fhógra sin a ainm, a sheoladh, a dhaoine teagmhála, ainm na teicneolaíochta nua, achoimre ar an teicneolaíocht núíosach nach mó ná 300 focal, Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne ("URL") ina n-aimseoidh sé na tuarascálacha atá le foilsiú i gcomhréir le mír 4 agus le hAirteagal 13(4), agus ainmneacha agus seoltaí nó uimhreacha aon saoráidí athchúrsála ina bhfuil sé beartaithe go dtarlóidh forbairt na teicneolaíochta.

3. Cuirfidh an forbróir faisnéis mhionsonraithe ar fáil freisin maidir leis an méid seo a leanas san fhógra:

(a) tréithriú na teicneolaíochta nua atá bunaithe ar airíonna teicneolaíochtaí athchúrsála a leagtar amach in Airteagal 3(2);

(b) míniú ar aon dialltaí ó na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 6, 7 agus 8, nó ar cé acu a chuireann an teicneolaíocht núíosach scéim athchúrsála i bhfeidhm;

(c) réasúnaíocht fhairsing, agus fianaise agus staidéir eolaíocha, arna dtiomsú ag an bhforbróir, a léiríonn gur féidir leis an teicneolaíocht núíosach ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonarú a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 lena n-áirithítear a sábháilteacht mhicribhith-eolaíoch freisin, lena n-áirítear tréithriú leibhéal éilleáin san ionchur plaisteach agus sa phlaisteach athchúrsáilte, cinneadh maidir le héifeachtúlacht dí-éillithe, agus aistriú na n-éilleán sin ó na hábhair phlaisteacha athchúrsáilte go dtí an bia, agus réasúnaíocht maidir leis an gcúis gur leor na ceanglais maidir leis na prionsabail, na prionsabail maidir le cruinnithe, agus maidir leis na héilleáin sin a aistriú ó na hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus na nithe athchúrsáilte go dtí an bia;

(d) tuairisc ar phróiseas athchúrsála tipiciúil amháin nó níos mó ina n-úsáidtear an teicneolaíocht, lena n-áirítear blocléaráid de na príomhchéimeanna monaraíochta, agus, más ábhartha, míniú ar an scéim athchúrsála a úsáideadh agus ar na rialacha lena rialaítear feidhmiú na próise sin;

(e) míniú bunaithe ar phointe (a) ina dtugtar tuairisc ar an bhfáth a meastar go bhfuil an teicneolaíocht éagsúil ó na teicneolaíochtaí atá ann cheana agus go measfar gur teicneolaíocht núíosach í;

(f) achoimre ina molfar critéir mheastóireachta don Údarás maidir lena mheastóireacht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar phróisis athchúrsála a mbeidh feidhm acu maidir leis an teicneolaíocht núíosach ar a bhfuil an tsuiteáil bunaithe, mar a cheanglaítear in Airteagal 20(2);

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

(g) meastachán ar líon na suiteálacha dí-éillithe a bhfuiltear ag súil leis agus a oibreofar chun an teicneolaíocht núíosach a fhorbairt, agus na seoltaí a bhfuiltear ag súil leo maidir leis na saoráidí athchúrsála ina mbeidh siad lonnaithe.

Chun críocha phointe (c), gheofar na sonraí a úsáidfear chun éifeachtúlacht dí-éillithe a chinneadh trí shuiteáil píolóta a oibriú, nó tiocfaidh siad ó tháirgeadh tráchtála plaisteach athchúrsáilte nach bhfuil beartaithe le haghaidh teagmháil le bia. I gcás inar gá chun sábháilteacht na n-ábhar plaisteach agus na n-earraí plaisteacha a shuíomh go hiomlán, déanfar na sonraí a chomhlánú le tástálacha a cheaptar chun measúnú a dhéanamh ar na coincheapa, na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann go sonrach leis an teicneolaíocht. I gcás ina bhféadfadh plaistigh a bheith san ionchur plaisteach, ar plaistigh iad nach dtáirgtear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, léireoidh an fhianaise is gá go mbaineann an teicneolaíocht substaintí a úsáideadh i monarú na bplaisteach sin amach a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas in Airteagal 4(2).

Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír ar fáil do na Ballstáit agus don Údarás. Cuirfidh an forbróir an teicneolaíocht sin ar fáil freisin do gach athchúrsálaí a úsáideann an teicneolaíocht núíosach. Déanfar é a thabhairt cothrom le dáta gan mhoill ar bhonn faisnéise nua a thiocfaidh as gníomhaíochtaí forbartha. Measfar go mbaineann ábharthacht tráchtála leis an bhforbróir leis an bhfaisnéis agus ní dhéanfar í a phoibliú sula n-iarrfaidh an Coimisiún ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 14.

4. Tráth a thabharfar an fógra, foilseoidh an t-athchúrsálaí tuarascáil tosaigh mhionsonraithe ar a shuíomh gréasáin freisin, ag baint úsáide as an URL a chuirtear ar fáil i gcomhréir le mír 2, maidir le sábháilteacht an phlaistigh mhonaraithe bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i mír 3. Féadfar sonraí maidir le próisis athchúrsála agus suiteálacha a úsáideann an teicneolaíocht núíosach a fhágáil ar lár sa tuarascáil sin a mhéid atá ábharthacht tráchtála ag baint leis na mionsonraí sin, agus soláthrófar inti achoimre stóinsithe ina mbeidh an fhaisnéis uile is gá chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an teicneolaíocht gan gá an fhaisnéis atá i dtuarascálacha agus staidéir níos mionsonraithe a cheadú;

5. Déanfaidh an forbróir an teimpléad don bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a oiriúnú a mhéid is gá chun sainghnéithe na teicneolaíochta nua a léiriú. Cuirfidh sé an teimpléad oiriúnaithe seo ar fáil do gach athchúrsáil a úsáideann an teicneolaíocht núíosach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh.

6. I gcás ina gcuirfidh teicneolaíocht scéim athchúrsála i bhfeidhm, gníomhóidh an forbróir mar bhainisteoir na scéime athchúrsála dá dtagraítear in Airteagal 9(1). Ní bheidh feidhm ag Airteagail 6, 7 ná 8 ná ag Airteagal 9(2).

7. Áiritheoidh an forbróir idirphlé leanúnach leis na hathchúrsálaithe go léir a úsáideann an teicneolaíocht núíosach chun eolas a mhalartú maidir lena fheidhmiú agus a chumas chun an t-ionchur plaisteach a dhí-éilliú. Coimeádfaidh sí taifid de sin, ina leagfar amach na hábhair a pléadh agus na conclúidí maidir le feidhmiú agus cumas dí-éillithe na teicneolaíochta, a chuirfear ar fáil, arna iarraidh sin, d'aon údarás inniúil i gcríoch ina bhfuil an forbróir agus/nó na hathchúrsálaithe lonnaithe.

8. Laistigh de chúig mhí ón bhfógra a fháil, fíoróidh údarás inniúil ar tugadh fógra dó i gcomhréir le mír 2 an bhfuil na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 7 á gcomhlíonadh, agus fíoróidh sé na ceanglais a thagann ó mhír 8 go rialta ina dhiaidh sin.

I gcás ina measann an t-údarás inniúil nach gcomhlíontar na ceanglais sin, cuirfidh sé a ábhar imní in iúl don fhorbróir, agus féadfaidh sé treoir a thabhairt don fhorbróir moill a chur ar thús oibríocht an chéad ghléasra dí-éillithe i gcomhréir le mír 2 go dtí go dtugann an forbróir aghaidh ar na hábhair imní sin.

Cuirfidh an forbróir an t-údarás inniúil ar an eolas faoin gcaoi ar thug sé aghaidh ar na hábhair imní nó soiléireoidh sé cén fáth a measann sé nach bhfuil gá le haon ghníomh.

I gcás ina mbeidh ábhair mhóra imní ag an údarás inniúil maidir le sábháilteacht na n-ábhar agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Choimisiún.

Airteagal 11

Coinníollacha maidir le hoibriú suiteálacha athchúrsála a bhfuil teicneolaíochtaí núíosacha á gcur i bhfeidhm acu

1. Bunófar suiteáil athchúrsála a mbeidh teicneolaíocht athchúrsála núíosach á feidhmiú aici ar theicneolaíocht núíosach ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 10(2).

2. Comhlíonfaidh an t-athchúrsálaí na ceanglais riaracháin a leagtar amach in Airteagal 25.

3. Féadfar suiteáil athchúrsála a úsáidtear chun teicneolaíocht núíosach a fhorbairt a oibriú ar bhealach a chlaonfaidh ó cheann amháin nó níos mó de na ceanglais shonracha a leagtar amach in Airteagail 6, 7 agus 8, nó a úsáidfidh scéim athchúrsála i gcomhréir le hAirteagal 9, ar choinníoll go mbeidh bonn cirt le gach imeacht nó úsáid na scéime sin i ngeall ar an míniú a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 10(3), pointe (b).

4. Beidh doiciméadú ag an athchúrsálaí ar fhaisnéis fhorlíontach a bheidh ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 12 a léireoidh go gcomhlíonann an plaisteach athchúrsáilte a tháirgtear leis an tsuiteáil athchúrsála ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus go bhfuil sé sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de.

5. Beidh bileog achoimre an fhaireacháin ar chomhlíonadh críochnaithe ag an athchúrsálaí ar bhonn an teimpléid arna sholáthar ag an bhforbróir i gcomhréir le hAirteagal 10(5).

6. Déanfar an fhaisnéis fhorlíontach dá dtagraítear i mír 3 lena n-áirítear aon doiciméadacht tacaíochta, agus an bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh dá dtagraítear i mír 4 a sholáthar don fhorbróir agus do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.

Airteagal 12

Ceanglais bhreise faisnéise maidir le suiteálacha athchúrsála a úsáideann teicneolaíocht núíosach

1. Coinneoidh athchúrsálaí an fhaisnéis fhorlíontach seo a leanas ar fáil ag suiteáil an dí-éillithe:

(a) achoimre ar an teicneolaíocht núíosach nach mó ná 250 focal;

(b) achoimre ina ndéantar cur síos ar an tsuiteáil iomlán athchúrsála agus ar an bpróiseas a chuireann sí i bhfeidhm, nach mó ná 1 500 focal. Léireofar san achoimre sin sábháilteacht an phlaistigh athchúrsáilte a monaraíodh leis an tsuiteáil, agus beidh sí bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh an forbróir ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 10(3), chomh maith leis na critéir mheastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 10(3), pointe (f);

(c) léaráid bhloc mhionsonraithe ina léirítear seicheamh phríomhchéime monaraíochta na suiteála athchúrsála, lena n-áirítear gach oibríocht aonaid aonair a oibrítear sa tsaoráid athchúrsála;

(d) léaráid phíobánachta agus ionstraimíochta den phróiseas dí-éilliúcháin de réir roinn 4.4 de ISO 10628-1:2014, nach dtaispeántar ach an ionstraimíocht atá ábhartha le haghaidh dí-éillithe.

2. Déanfar an fhaisnéis fhorlíontach i mír 1 a nuashonrú gan mhoill mar thoradh ar idirphlé leanúnach idir an forbróir agus na hathchúrsálaithe, nuair a bheidh faisnéis nua ar fáil mar thoradh ar oibriú agus ar fhorbairt an ghléasra, nó mar thoradh ar an bhfaireachán i gcomhréir le hAirteagal 13, nó i gcás ina n-athróidh an forbróir an teicneolaíocht nó ina mbaileoidh sé tomhais nua ar fheidhmíocht nó ar fheidhmiú na teicneolaíochta nuálaí. Ina dhiaidh sin, soláthróidh an t-athchúrsálaí an fhaisnéis nuashonraithe agus an doiciméadacht tacaíochta don fhorbróir.

3. Chun críche mhír 1, pointe (b), beidh sa doiciméadacht tacaíochta ar a laghad na heilimintí seo a leanas:

(a) faisnéis faoi leibhéal an éillithe theagmhasaigh atá san ionchur plaisteach, agus faisnéis maidir le cineálacha eile éillithe agus a leibhéil, go háirithe sa chás, ar bhonn Airteagal 11(3), nach gcomhlíonann an t-ionchur plaisteach ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6;

(b) faisnéis faoin méid nó faoin gcéatadán den éilliú is féidir leis an bpróiseas dí-éillithe a bhaint ("éifeachtúlacht dí-éillithe");

(c) faisnéis faoi éilliú iarmharach measta atá in aschur phróiseas an dí-éillithe agus éifeachtúlacht an dí-éillithe á cur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le substaintí agus substaintí a d'fhéadfadh a bheith fós ann ó thaobh géineatocsaineach agus inchrínigh dá dtagraítear in Airteagal 13(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, fiú má tá a láithreacht faoi bhun theorainn brath na dteicnící anailíseacha a cuireadh i bhfeidhm;

(d) faisnéis faoi chinniúint na n-ábhar salaithe a baineadh amach sa phróiseas dí-éillithe;

(e) faisnéis maidir le hascnamh chuig bia den éilliú iarmharach atá san ábhar plaisteach nó san earra plaisteach athchúrsáilte, a iarphróiseáiltear i gcomhréir le ceanglais an phróisis athchúrsála, agus na coinníollacha úsáide a shainítear maidir leis na hábhair agus na hearraí lena mbaineann á gcur san áireamh;

(f) réasúnú, plé agus conclúid fhoriomlán maidir le sábháilteacht na n-ábhar plaisteach athchúrsáilte agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte bunaithe ar an bhfaisnéis a leagtar amach i bpointí (a) go (e).

Coinneofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo cothrom le dáta agus beidh sí bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí a bhaineann leis na gnéithe sin, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag soláthróirí an ionchuir phlaisteach agus ag úsáideoirí an phlaistigh athchúrsáilte, agus ar fhaisnéis a thiocfaidh ón bhfaireachán i gcomhréir le hAirteagal 13 agus ón idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 10(7).

Airteagal 13

Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéil éillithe

1. Maidir le hathchúrsálaí a mbeidh suiteáil dí-éillithe á oibriú aige i gcomhréir le hAirteagal 11, déanfaidh sé faireachán ar an meánleibhéal éillithe ar bhonn straitéis stóinsithe samplála lena ndéantar samplaí de na baisceanna ionchuir phlaisteacha agus de na baisceanna aschuir dí-éillithe comhfhreagracha. Cuirfear san áireamh sa straitéis samplála na fachtóirí go léir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhdhéanamh an ionchuir phlaistigh, agus go háirithe tabharfar aghaidh ar éagsúlachtaí i dtionscnamh an ionchuir sin, bídís geografach nó eile.

Áireofar sa tsampláil ar dtús gach baisc ionchuir agus baisceanna aschuir chomhfhreagracha, ach féadfar an mhinicíocht samplála a laghdú a luaithe a gheofar na meáin sheasmhacha. I gcás ar bith, coinneofar an mhinicíocht samplála ar leibhéal oiriúnach chun treochtaí agus/nó athruithe eile ar leibhéil éillithe na mbaisceanna ionchuir a bhrath, agus chun a aithint an bhfuil ábhar salaithe i láthair an athuair.

I gcás nach bhfuil cinneadh na minicíochta samplála bunaithe ar bhaisceanna ionchuir phlaisteach praiticiúil mar gheall ar thréithe ar leith an phróisis athchúrsála, cinnfear an mhinicíocht ar bhonn na mbaisceanna a úsáidtear ag an oibríocht réamhphróiseála is gaire a bhfuil cinneadh den sórt sin praiticiúil ina leith.

Cinnfear leibhéil éilleáin iarmharacha san aschur sula ndéanfar aon chaolú ar an ábhar aschurtha trí ábhar eile a chur leis. I gcás ina mbeidh leibhéil éilleáin san aschur faoi bhun leibhéal cainníochtaithe na modhanna anailíse arna gcur i bhfeidhm le haghaidh faireacháin, féadfar staidéar amháin nó níos mó a chur in ionad fhaireachán an aschuir lena gcinntear an leibhéal éilleáin iarmharach i líon teoranta baisceanna aschuir ag a bhfuil modhanna anailíseacha le teorainn cainníochtaithe atá sách íseal chun an éifeachtúlacht dí-éillithe iarbhír a fuarthas sa tsuiteáil dí-éillithe a chinneadh. I gcás ina bhfuil éilliú iarmharach san aschur chomh híseal sin nach féidir é a chainníochtú, beidh leibhéal braite na modhanna sin íseal go leor chun tacú leis an réasúnú i dtaobh an leor éifeachtúlacht an dí-éillithe chun a áirithiú go gcomhlíonann na hábhair agus na hearraí plaisteacha athchúrsáilte Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.

2. Maidir leis na hanailísí agus na tástálacha is gá chun an leibhéal éillithe a chinneadh i gcomhréir le mír 1, glacfaidh saotharlanna a bheidh i mbun na ngníomhaíochtaí sin páirt go rialta agus beidh siad ag feidhmiú go sásúil i dtástálacha inniúlachta atá oiriúnach chun na críche sin. An chéad uair a ghlacfaidh saotharlann páirt i dtástáil inniúlachta, beidh sí sula gcuirfear tús le hoibriú na saoráide athchúrsála.

3. Soláthróidh athchúrsálaithe na sonraí a thiocfaidh ón bhfaireachán don fhorbróir gach 6 mhí ar a laghad agus soláthróidh siad an réasúnú nuashonraithe dóibh i gcomhréir le hAirteagal 12(3), pointe (f), más rud é gur athraíodh sin ar bhonn na sonraí.

4. Gach sé mhí, foilseoidh an forbróir tuarascáil ar a shuíomh gréasáin, bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí ó na suiteálacha uile a úsáideann an teicneolaíocht núíosach a fuarthas i gcomhréir le mír 3.

5. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil:

(a) tuairisc ghairid ar an teicneolaíocht núíosach ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 10(3), lena n-áirítear an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointí (a), (b), (d) agus (f) di;

(b) achoimre ar an réasúnaíocht maidir le cumas na teicneolaíochta nua agus an phróisis athchúrsála nó na bpróiseas athchúrsála ábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a mhonarú a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus atá sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de ar bhonn na faisnéise a áirítear in Airteagal 10(3), pointí (a) go (f), agus an fhaisnéis a fuarthas i gcomhréir le mír 3 á cur san áireamh;

(c) liosta de na substaintí go léir a bhfuil a meáchan móilíneach faoi bhun 1 000 Dalton a aimsítear sna hionchuir phlaisteacha i ngach ceann de na suiteálacha dí-éillithe agus san aschur plaisteach athchúrsáilte díobh, agus iad sórtáilte in ord íslitheach de réir an tarlaithe atá acu agus ar sainaithníodh ar a laghad an chéad 20 éilleán teagmhasach díobh san ionchur, agus na méideanna a shonraítear mar chodán meáchain den ionchur agus den aschur;

(d) liosta d'ábhair éillithe a bhíonn ar fáil go rialta san ionchur plaisteach, lena n-áirítear cineálacha polaiméirí atá éagsúil leis an méid atá san ionchur plaisteach beartaithe, plaistigh nach mbeartaítear teagmháil a dhéanamh le bia, agus ábhair eile a fhaightear sna hionchuir agus sna haschuir dá dtagraítear i bpointe (c), agus na méideanna a shonraítear mar chodán meáchain den ionchur agus den aschur;

(e) anailís ar bhunús is dóchúla na n-éilleán sainaitheanta dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d), agus ar cibé an bhféadfadh substaintí eile ar údar imní iad a bheith ann go comhuaineach mar thoradh ar na tionscnaimh sin, ar substaintí iad nach mbraitear nó nach bhfuil sainaitheanta leis na teicnící anailíse feidhmithe;

(f) tomhas nó meastachán ar na leibhéil ascnaimh chuig bia d'éilleáin atá sna hábhair phlaisteacha agus sna nithe plaisteacha athchúrsáilte;

(g) tuairisc mhionsonraithe ar an straitéis samplála a úsáideadh;

(h) tuairisc mhionsonraithe ar na nósanna imeachta agus na modhanna anailíseacha a úsáideadh, lena n-áirítear nósanna imeachta samplála agus teorainneacha braite agus cainníochtaithe, chomh maith leis na sonraí bailíochtaithe agus an réasúnaíocht a bhaineann lena n-oiriúnacht;

(i) anailís agus míniú ar aon neamhréitigh a breathnaíodh idir leibhéil éilleán a bhfuiltear ag súil leo sa phlaisteach ionchuir agus in aschur na suiteála agus a éifeachtúlacht dí-éillithe bunaithe ar an réasúnaíocht a thugtar faoi phointe (b) agus ar na torthaí iarbhír faoi phointe (c);

(j) plé ar na difríochtaí le tuarascálacha a foilsíodh roimhe seo i gcomhréir leis an mír seo, más ann dóibh.

Airteagal 14

Measúnú ar theicneolaíochtaí núíosacha

1. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil dóthain sonraí ar fáil maidir le teicneolaíocht núíosach, féadfaidh sé, ar a thionscnamh féin, iarraidh ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht sin, agus teicneolaíochtaí núíosacha eile a áireamh san iarraidh sin, ar choinníoll go bhfuil na teicneolaíochtaí sin mórán cosúil lena chéile nó go bhfuil siad mar an gcéanna.

2. Féadfaidh forbróir iarraidh ar an gCoimisiún an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a thionscnamh tar éis dó ceithre thuarascáil as a chéile ar a laghad a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 13(4) maidir le suiteáil dí-éillithe.

I gcás ina n-iarrfaidh an forbróir measúnú ar an teicneolaíocht nua, féadfaidh an Coimisiún moill suas le 2 bhliain a chur ar an iarraidh ar an Údarás i gcás ina measfaidh sé nach leor fós an t-eolas atá ar fáil maidir leis an teicneolaíocht nuálach, nó i gcás ina mbeidh oibreoirí eile ag forbairt na dteicneolaíochtaí núíosacha céanna nó teicneolaíochtaí núíosacha comhchosúla.

3. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar oiriúnacht na teicneolaíochta dí-éillithe a bhaineann leis an teicneolaíocht núíosach agus an teicneolaíocht athchúrsála ina hiomláine á cur san áireamh.

Áireofar sa mheasúnú oiriúnachta éifeachtúlacht na bprionsabal ceimiceach agus/nó fisiciúil a úsáidtear chun ionchur plaisteach sonraithe a dhí-éilliú ionas go gcomhlíonfaidh na hábhair phlaisteacha agus na hearraí plaisteacha a mhonaraítear as plaisteach athchúrsáilte a fuarthas ón teicneolaíocht núíosach Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004. Áireofar ann freisin an tsábháilteacht mhicribhitheolaíoch.

4. Laistigh de bhliain amháin tar éis dó an iarraidh ar mheasúnú ar an teicneolaíocht núíosach a fháil, foilseoidh an tÚdarás tuairim maidir le toradh a mheasúnaithe. Beidh an méid seo a leanas sa tuairim sin:

(a) tréithriú na teicneolaíochta athchúrsála atá bunaithe ar na hairíonna a shainítear in Airteagal 3(2);

(b) plé agus tabhairt chun críche maidir lena mheasúnú ar chumas na teicneolaíochta núíosaí dramhaíl phlaisteach a athchúrsáil i gcomhréir le mír 3, lena n-áirítear barúlacha sonracha nó ábhar imní atá ag an Údarás maidir leis an teicneolaíocht, agus maidir le próisis agus suiteálacha a úsáideann í, agus sainmhíniú agus bonn cirt maidir le haon srianta agus sonraíochtaí a mheastar a bheith riachtanach;

(c) conclúid an gceanglaítear le próisis athchúrsála aonair lena gcuirtear i bhfeidhm an teicneolaíocht athchúrsála sin meastóireacht aonair bhreise a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 17 go 20;

(d) má chinneann an tÚdarás go bhfuil gá le meastóireacht aonair ar na próisis athchúrsála, treoir shonrach dá dtagraítear in Airteagal 20(2);

(e) i gcás ina gcinnfidh an tÚdarás nach bhfuil gá le meastóireacht aonair ar na próisis athchúrsála, faisnéis atá coibhéiseach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear in Airteagal 18(4), pointí (c) go (g).

5. I gcás ina measfaidh an tÚdarás gur gá dó saineolaithe nua a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar theicneolaíocht nua, féadfaidh sé an tréimhse dá bhforáiltear i mír 3 a fhadú suas le bliain amháin.

6. I gcás inar gá chun a mheasúnú a chur i gcrích, féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar fhorbróirí na nuatheicneolaíochtaí atá á measúnú an fhaisnéis atá ar fáil dó a fhorlíonadh le faisnéis arna tiomsú i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 12, chomh maith le faisnéis nó mínithe eile a mheasann sé is gá chun na críche sin, agus laistigh de theorainneacha ama a shonróidh sé, ar faisnéis í nach rachaidh thar bhliain amháin san iomlán. I gcás ina n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis fhorlíontach den sórt sin, cuirfear an teorainn ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go bhfaighfear an fhaisnéis a iarradh, ó cheann amháin, nó ó roinnt forbróirí, de réir mar is iomchuí chun críocha an mheasúnaithe.

7. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 a choigeartú chun teicneolaíocht núíosach shonrach a mheasúnú, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás agus le forbróirí na teicneolaíochta sin.

8. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 39 go 39e de Rialachán (CE) Uimh. 178/2004 agus ag Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 maidir leis an bhfaisnéis fhorlíontach a iarrtar i gcomhréir le mír 6. Chun na críche sin, measfar gurb é forbróir nó forbróirí na nuatheicneolaíochtaí i raon feidhme an mheasúnaithe an t-iarratasóir.

Chun críche measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí, cuirfidh an tÚdarás ar fáil go ndéileálfar i modh rúin leis an bhfaisnéis fhorlíontach a iarrann sé maidir le gnéithe a bhaineann go sonrach le próisis athchúrsála aonair agus le suiteálacha arna n-úsáid ag athchúrsálaí. Ní dhéileálfar le faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(1), pointí (b) agus (e), agus in Airteagal 12(3) mar fhaisnéis rúnda.

Ní dhéanfar faisnéis a mheastar a bheith rúnda i gcomhréir leis an mír seo a roinnt le forbróirí, athchúrsálaithe eile, nó le tríú páirtithe ná ní dhéanfar í a roinnt eatarthu gan toiliú úinéir na faisnéise sin.

9. Nuair a fhoilseoidh forbróirí teicneolaíochtaí núíosacha eile nach n-áirítear i raon feidhme an mheasúnaithe faisnéis nua atá ábhartha don mheasúnú, féadfaidh an tÚdarás an fhaisnéis sin a chur san áireamh.

Airteagal 15

Cinneadh maidir le hoiriúnacht teicneolaíochta nua

1. Agus tuairim an Údaráis, forálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus tosca dlisteanacha eile a bhaineann leis an ábhar atá á meas á gcur san áireamh, cinnfidh an Coimisiún an teicneolaíocht oiriúnach nua í an teicneolaíocht i gcomhréir le hAirteagal 3(1) nó an n-áireofar í i dteicneolaíocht oiriúnach athchúrsála atá ann cheana.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur teicneolaíocht oiriúnach athchúrsála í teicneolaíocht núíosach, leagfaidh sé amach, de réir mar is gá, na ceanglais shonracha is infheidhme maidir leis an teicneolaíocht sin agus cinnfidh sé an mbeidh próisis athchúrsála ina bhfeidhm faoi réir údaraithe agus an mbeidh úsáid scéime athchúrsála mar chuid de.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go mbeidh na próisis athchúrsála a chuireann teicneolaíocht i bhfeidhm faoi réir údaraithe, leagfaidh sé amach forálacha maidir le hoibriú suiteálacha athchúrsála ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 10(2).

3. Ní mheasfar a thuilleadh gur teicneolaíocht núíosach í teicneolaíocht nár measadh a bheith oiriúnach i gcomhréir le mír 1. Féadfaidh forbróirí an teicneolaíocht sin a úsáid mar bhonn chun tús a chur le forbairt teicneolaíochta nua eile, ar choinníoll go n-athrófar go suntasach í chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an Údaráis agus/nó an Choimisiúin.

Airteagal 16

Clásal cosanta maidir le hábhair agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chur ar an margadh a mhonaraítear le teicneolaíocht athchúrsála núíosach nó oiriúnach

1. Arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an Coimisiún anailís a dhéanamh i dtaobh an bhfuil forais ann chun athrú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina ndéantar ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí arna monarú le teicneolaíocht shonrach athchúrsála a athrú, nó a gcur ar an margadh a chosc go hiomlán, fiú má mheastar go bhfuil an teicneolaíocht sin oiriúnach.

2. Chun críche na hanailíse dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh forbróir na teicneolaíochta, forbróirí, monaróirí nó soláthraithe próiseas nó suiteálacha athchúrsála a úsáideann an teicneolaíocht amhail na cinn dá dtagraítear in Airteagal 17(1), athchúrsálaithe, tiontairí agus na Ballstáit an fhaisnéis uile atá faighte acu faoin teicneolaíocht athchúrsála a chur ar fáil don Choimisiún. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an Údarás.

3. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na gníomhaithe dá dtagraítear i mír 2 clár faireacháin nó tástáil imirce shonrach a chur i gcrích. Féadfaidh an Coimisiún spriocdhátaí a shonrú faoina soláthróidh na gníomhaithe sin an fhaisnéis nó na tuarascálacha is gá.

4. Ar bhonn thoradh a anailíse, féadfaidh an Coimisiún:

(a) srianta agus sonraíochtaí a leagan síos maidir leis an teicneolaíocht, de réir mar is gá;

(b) meastar go bhfuil an teicneolaíocht athchúrsála mí-oiriúnach.

5. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach, beidh feidhm ag Airteagal 15(3).

CAIBIDIL V

NÓS IMEACHTA CHUN PRÓISIS ATHCHÚRSÁLA AONAIR A ÚDARÚ

Airteagal 17

Iarratas ar phróisis athchúrsála aonair a údarú

1. Chun údarú a fháil ó phróiseas athchúrsála aonair, déanfaidh an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlítheanach a d'fhorbair próiseas dí-éillithe an phróisis athchúrsála, chun a chríocha féin amháin mar athchúrsálaí nó chun suiteálacha athchúrsála nó dí-éillithe a dhíol nó a cheadúnú le hathchúrsálaithe, "an t-iarratasóir", iarratas a chur isteach i gcomhréir le mír 2.

2. Cuirfidh an t-iarratasóir an t-iarratas faoi bhráid údarás inniúil Ballstáit agus beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

(a) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(b) sainchomhad teicniúil ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i mír 5;

(c) achoimre ar an sainchomhad teicniúil.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír (2) an méid seo a leanas:

(a) a admháil i scríbhinn don iarratasóir go bhfuarthas an t-iarratas laistigh de 14 lá ón iarratas a fháil, agus an dáta a fuarthas an t-iarratas á lua;

(b) an tÚdarás a chur ar an eolas gan mhoill;

(c) an t-iarratas agus aon fhaisnéis fhorlíontach a sholáthróidh an t-iarratasóir a chur ar fáil don Údarás.

4. Déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas gan mhoill:

(a) an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoin iarratas agus an t-iarratas agus aon fhaisnéis fhorlíontach a chuirfidh an t-iarratasóir isteach a chur ar fáil dóibh;

(b) an t-iarratas, faisnéis ábhartha tacaíochta agus aon fhaisnéis fhorlíontach a chuirfidh an t-iarratasóir isteach a phoibliú, i gcomhréir le hAirteagail 19 agus 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, mura bhforáiltear a mhalairt i mír 6 den Airteagal seo.

5. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa sainchomhad teicniúil:

(a) aon fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt sa treoir mhionsonraithe arna foilsiú ag an Údarás i gcomhréir le hAirteagal 20(2);

(b) tuairisc ar an réamhphróiseáil a rinneadh chun ionchur plaisteach a tháirgeadh a bheidh oiriúnach lena chur isteach sa phróiseas dí-éillithe agus ar na nósanna imeachta sonracha um rialú cáilíochta a cuireadh i bhfeidhm le linn an bhailithe agus an réamhphróiseála, lena n-áirítear sonraíocht mhionsonraithe ar an ionchur ó phlaisteach réamhphróiseáilte;

(c) tuairisc ar aon iarphróiseáil riachtanach ar an bplaisteach athchúrsáilte agus ar an úsáid atá beartaithe do na hábhair phlaisteacha agus na hearraí plaisteacha a bheidh mar thoradh air agus ar na húsáidí nach mbeadh sé oiriúnach dóibh, lena n-áirítear treoracha agus lipéadú ábhartha atá le cur ar fáil do thiontaitheoirí agus d'úsáideoirí deiridh na n-ábhar plaisteach agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte;

(d) blocléaráid shimplí de na hoibríochtaí aonaid uile a úsáidtear sa phróiseas dí-éilliúcháin, lena ndéantar tagairt do na nósanna imeachta ionchuir, aschuir agus rialaithe cáilíochta a chuirtear i bhfeidhm le gach oibríocht;

(e) léaráid phíobánachta agus ionstraimíochta den phróiseas dí-éilliúcháin de réir roinn 4.4 de ISO 10628-1:2014, nach dtaispeántar ach an ionstraimíocht atá ábhartha le haghaidh dí-éillithe;

(f) tuairisc ar na nósanna imeachta rialaithe cáilíochta a cuireadh i bhfeidhm ag gach oibríocht aonaid den phróiseas dí-éillithe, lena n-áirítear:

(i) luachanna paraiméadair a ndéantar faireachán orthu amhail teochtaí oibriúcháin, brúnna, sruthrátaí agus tiúchain, agus raonta inghlactha díobh;

(ii) anailís saotharlainne agus minicíocht na hanailíse sin; más ann,

(iii) nósanna imeachta ceartúcháin agus coimeádta taifead; agus

(iv) aon fhaisnéis eile a mheasann an t-iarratasóir a bheith ábhartha chun tuairisc iomlán a thabhairt ar a nósanna imeachta um rialú cáilíochta.

6. Faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le mír 5, pointí (e) agus (f), agus faisnéis choibhéiseach arna cur isteach i gcomhréir le mír 5, pointe (a), féadfar í a choinneáil faoi rún de bhun Airteagal 20(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004.

Airteagal 18

Tuairim ón Údarás

1. Foilseoidh an tÚdarás tuairim laistigh de theorainn ama 6 mhí ón uair a bhfaighfear iarratas bailí i dtaobh an bhfuil an próiseas athchúrsála in ann an teicneolaíocht athchúrsála oiriúnach a úsáideann sé a chur i bhfeidhm chun go gcomhlíonfaidh ábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a mhonaraítear leis Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus go mbeidh siad sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de.

Féadfaidh an tÚdarás síneadh ama sé mhí eile a chur leis an teorainn ama dá bhforáiltear sa chéad fhomhír. I gcás den sórt sin, tabharfaidh sé míniú ar an síneadh don iarratasóir, don Choimisiún agus do na Ballstáit.

2. Féadfaidh an tÚdarás, más cuí, a iarraidh ar an iarratasóir na sonraí a ghabhann leis an iarratas a fhorlíonadh laistigh de thréimhse shonraithe, cibé acu i scríbhinn nó trí mhíniú ó bhéal. I gcás ina n-iarrfaidh an tÚdarás faisnéis fhorlíontach, cuirfear an teorainn ama a leagtar síos i mír 1 ar fionraí go dtí go mbeidh an fhaisnéis sin curtha ar fáil.

3. Déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid a chuir an t-iarratasóir isteach i gcomhréir le hAirteagal 17(5), agus sa chás sin measfar an t-iarratas a bheith bailí;

(b) cuirfidh sé an t-iarratasóir, an Coimisiún agus na Ballstáit ar an eolas mura bhfuil an t-iarratas bailí.

4. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas i dtuairim an Údaráis:

(a) aitheantas agus seoladh an iarratasóra;

(b) an uimhir atá sannta i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I don teicneolaíocht oiriúnach athchúrsála a úsáidtear sa phróiseas;

(c) tuairisc ghairid ar an bpróiseas athchúrsála, lena n-áirítear cur síos gearr ar na céimeanna réamhphróiseála agus iarphróiseála a cheanglaítear, tréithriú an ionchuir ó phlaisteach, agus na coinníollacha agus na teorainneacha a bhaineann le húsáid an aschuir;

(d) sreabh-léaráid próisis den phróiseas dí-éilliúcháin lena dtugtar eolas ar ord na n-oibríochtaí aonaid ar leith atá measúnaithe ag an Údarás mar aon le tuairisc ar gach ceann de na hoibríochtaí sin agus conas a rialaítear aon pharaiméadair atá criticiúil dá n-oibriú;

(e) meastóireacht eolaíoch ar éifeachtúlacht dí-éillithe i gcomhréir leis an treoir a leagtar amach in Airteagal 20(2);

(f) plé agus conclúid i dtaobh an féidir leis an bpróiseas athchúrsála ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a mhonarú, ar ábhair agus earraí iad atá sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de, lena n-áirítear réasúnú lena dtugtar údar maith le srianta agus sonraíochtaí ar cheart, dar leis an Údarás, feidhm a bheith acu ar an ionchur plaisteach, ar chumraíocht agus oibriú phróiseas an dí-éillithe agus ar úsáid an phlaistigh athchúrsáilte agus na n-ábhar agus na n-earraí plaisteacha athchúrsáilte;

(g) i gcás inarb iomchuí, aon mholtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar choinníollacha an údaraithe a bheith á gcomhlíonadh ag an bpróiseas athchúrsála.

Airteagal 19

Próiseas athchúrsála aonair a údarú

1. Agus tuairim an Údaráis, forálacha ábhartha de dhlí an Aontais agus tosca dlisteanacha eile atá ábhartha maidir leis an ábhar atá á bhreithniú á gcur san áireamh, measfaidh an Coimisiún an gcomhlíonann an próiseas athchúrsála aonair coinníollacha úsáide na teicneolaíochta oiriúnaí athchúrsála a chuireann sé i bhfeidhm agus an dtáirgeann sé ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus atá sábháilte ó thaobh na micribhitheolaíochta de.

Ullmhóidh an Coimisiún dréachtchinneadh a chuirfear faoi bhráid an iarratasóra lena ndeonófar nó lena ndiúltófar údarú an phróisis athchúrsála. Beidh feidhm ag Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

I gcás nach mbeidh an dréachtchinneadh i gcomhréir le tuairim an Údaráis, míneoidh an Coimisiún na cúiseanna atá lena chinneadh.

2. Beidh an méid seo a leanas san áireamh i gcinneadh lena ndeonaítear an t-údarú:

(a) uimhir údaraithe an phróisis athchúrsála ("RAN");

(b) ainm an phróisis athchúrsála;

(c) an teicneolaíocht athchúrsála, a liostaítear in Iarscríbhinn I, dá bhfuil an próiseas údaraithe;

(d) ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe;

(e) tagairt don tuairim ón Údarás ar a bhfuil an cinneadh bunaithe;

(f) aon cheanglais shonracha maidir le próiseas an dí-éillithe, an réamhphróiseáil agus an iarphróiseáil a oibriú, ar ceanglais iad lena gcomhlánaítear nó lena maolaítear na ceanglais ghinearálta a leagtar amach in Airteagail 6, 7 agus 8, nó in Airteagal 9;

(g) aon cheanglais shonracha maidir le faireachán agus fíorú go gcomhlíonann an próiseas athchúrsála coinníollacha an údaraithe;

(h) aon choinníollacha, sonraíochtaí, agus ceanglais shonracha maidir le lipéadú a bhaineann le húsáid plaistigh athchúrsáilte de thionscnamh an phróisis.

Airteagal 20

Treoir foilsithe ag an Údarás

1. Déanfaidh an tÚdarás treoir mhionsonraithe a fhoilsiú, tar éis comhaontú leis an gCoimisiún, i dtaca le hullmhú agus taisceadh an iarratais, ag cur formáidí caighdeánacha sonraí san áireamh, i gcás inarb ann dóibh i gcomhréir le hAirteagal 39f de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, ag a mbeidh feidhm *mutatis mutandis*.

2. Maidir le gach teicneolaíocht oiriúnach athchúrsála a bhfuil gá le próisis athchúrsála aonair a údarú ina leith, foilseoidh an tÚdarás treoir eolaíoch ina dtuairisceofar na critéir mheastóireachta agus an cur chuige meastóireachta eolaíche a úsáidfidh sé chun cumas dí-éillithe na bpróiseas athchúrsála sin a mheas. Sonrófar sa treoir an fhaisnéis is gá a bheith i sainchomhad iarratais maidir le húdarú a thabhairt do phróiseas athchúrsála a chuireann an teicneolaíocht shonrach sin i bhfeidhm.

Airteagal 21

Oibleagáidí ginearálta a bhaineann le próiseas athchúrsála a údarú

1. Ní dhéanfaidh deonú údaraithe ar phróiseas athchúrsála difear do dhliteanas sibhialta ná coiriúil aon oibreora gnó maidir leis an bpróiseas athchúrsála údaraithe, maidir le suiteáil athchúrsála a chuireann an próiseas, plaisteach athchúrsáilte agus ábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí a fuarthas i bhfeidhm tríd an bpróiseas athchúrsála, agus maidir leis an mbia a bhíonn i dteagmháil leis an ábhar nó leis an earra sin.

2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe nó aon athchúrsálaí an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir le haon fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don mheastóireacht ar a bhfuil an t-údarú bunaithe.

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

3. Féadfaidh sealbhóir údaraithe cead a thabhairt do thríú páirtithe suiteáil dí-éillithe a oibriú faoina cheadúnas mar athchúrsálaithe. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go bhfaighidh na hathchúrsálaithe sin an fhaisnéis, na treoracha agus an tacaíocht uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibriú na suiteála agus an plaisteach athchúrsáilte a thig as sin an Rialachán seo.

4. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe in iúl gan mhoill don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil sé bunaithe agus don Choimisiún aon athruithe ar a phointí teagmhála, ar a ainmneacha trádála agus cuideachta, nó ar fhaisnéis eile atá sa chlár arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 24, agus aon fhaisnéis eile is ábhartha maidir le próiseas athchúrsála a údarú.

5. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe an t-údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil sé bunaithe agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi staid inar féidir leis nó nach nglacfaidh sé a fhreagrachtaí mar shealbhóir an údaraithe air féin a thuilleadh i gcomhréir leis an Airteagal seo. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe an fhaisnéis uile is gá ar fáil ionas go bhféadfaidh an Coimisiún a chinneadh ar cheart údarú próiseas athchúrsála a mhodhnú nó a chúlghairm.

Airteagal 22

Iarraidh ar údarú a mhodhnú ag sealbhóir an údaraithe

1. Féadfaidh sealbhóir an údaraithe iarratas a dhéanamh ar mhodhnú ar údarú próisis athchúrsála.

2. Beidh an modhnú dá dtagraítear i mír 1 faoi réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 17 go 20, mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo.

3. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas dá dtagraítear i mír 1:

(a) an tagairt don bhuniarratas;

(b) sainchomhad teicniúil ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear in Airteagal 17(5), lena n-áirítear faisnéis an tsainchomhaid theicniúil a cuireadh isteach cheana le linn an bhuniarratais i gcomhréir le hAirteagail 17(5) agus 18(2), arna thabhairt cothrom le dáta leis na modhnuithe. Beidh gach modhnú (scrios agus breiseanna) marcáilte go soiléir agus infheicthe sa sainchomhad teicniúil;

(c) achoimre iomlán nua ar an sainchomhad teicniúil i bhfoirm chaighdeánaithe;

(d) bileog achomair faireacháin chomhlíonta iomlán amháin ar a laghad a bhaineann le suiteáil dí-éillithe a oibríonn an próiseas údaraithe agus a cuireadh faoi bhráid údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 26, agus leagan cothrom le dáta ina n-áireofar gach athrú, más ann, a mheastar a gheofar ón athrú a iarradh.

4. I gcás ina mbainfidh an modhnú le húdarú próisis athchúrsála a aistriú chuig tríú páirtí, tabharfaidh sealbhóir an údaraithe fógra don Choimisiún roimh an aistriú, agus ainm, seoladh agus faisnéis teagmhála an tríú páirtí sin á lua aige. Tráth an aistrithe, cuirfidh sé an t-údarú ar tugadh fógra faoi, an sainchomhad teicniúil agus na doiciméid go léir atá san áireamh ann ar fáil don tríú páirtí. Rachaidh an tríú páirtí sin i dteagmháil leis an gCoimisiún gan mhoill le litir chláraithe ina luafar go nglacann sé leis an aistriú, go bhfuil na doiciméid uile faighte aige agus go nglacann sé leis na hoibleagáidí go léir a eascraíonn as an Rialachán seo agus as an údarú a chomhlíonadh.

Airteagal 23

Údarú próisis athchúrsála a mhodhnú, a chur ar fionraí agus a chúlghairm ar thionscnamh na n-údarás inniúil, an Údaráis nó an Choimisiúin

1. Ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó Bhallstát nó ón gCoimisiún, measfaidh an tÚdarás an bhfuil an tuairim, údarú an phróisis athchúrsála agus/nó an próiseas athchúrsála fós i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, ag a mbeidh feidhm *mutatis mutandis*. Féadfaidh an tÚdarás, i gcás inar gá, dul i gcomhairle le sealbhóir an údaraithe.

2. Sula gcuirtear isteach iarraidh i gcomhréir le mír 1, rachaidh an Coimisiún nó Ballstát i gcomhairle leis an Údarás maidir le cibé acu an gá meastóireacht nua nó an próiseas údaraithe bunaithe ar shonraí na hiarrata. Tabharfaidh an tÚdarás a thuairimí don Choimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, don Bhallstát iarrthach laistigh de thréimhse 20 lá oibre. I gcás ina measann an tÚdarás nach bhfuil meastóireacht riachtanach, cuirfidh sé míniú i scríbhinn ar fáil don Choimisiún agus, más infheidhme, don Bhallstát iarrthach.

3. Ar bhonn thuairim an Údaráis arna foilsiú i gcomhréir le hAirteagal 18(1), féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh an t-údarú a leasú nó a chúlghairm. I gcás inar gá, féadfar an próiseas athchúrsála nó oibriú suiteálacha sonracha dí-éillithe a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear na leasuithe sin chun feidhme sna suiteálacha athchúrsála ar bhonn an phróisis. Tiocfaidh athrú ar stádas an chláraithe i gclár an Aontais dá réir sin.

CAIBIDIL VI

CLÁRÚ NA FAISNÉISE IS GÁ LE hAGHAIDH RIALUITHE

Airteagal 24

Clár an Aontais de theicneolaíochtaí, athchúrsálaithe, próisis athchúrsála, scéimeanna athchúrsála, agus suiteálacha dí-éillithe

1. Bunaítear clár poiblí Aontais de theicneolaíochtaí núíosacha, athchúrsálaithe, próisis athchúrsála, scéimeanna athchúrsála agus suiteálacha dí-éillithe ("an Clár").

2. Beidh an méid seo a leanas sa Chlár:

(a) ainmneacha teicneolaíochtaí núíosacha agus ainmneacha agus seoltaí na bhforbróirí, agus an URL dá dtagraítear in Airteagal 10(2);

(b) ainmneacha na bpróiseas athchúrsála údaraithe agus ainmneacha agus seoltaí na sealbhóirí údaraithe, agus ar a bhfuil gach próiseas bunaithe;

(c) stádas údaraithe gach próiseas athchúrsála cláraithe, lena n-áirítear má dhéantar a údarú a fhionraí, a chúlghairm, nó faoi réir forálacha idirthréimhseacha, agus an dáta is déanaí a n-athrófar stádas an údaraithe;

(d) ainm cuideachta agus seoladh cheannoifig na n-athchúrsálaithe a bhfuil suiteáil dí-éillithe á oibriú acu;

(e) seoltaí na saoráidí athchúrsála;

(f) suiteálacha dí-éillithe, an teicneolaíocht a úsáideann siad, an tsaoráid ag a bhfuil siad suite, agus an próiseas údaraithe a chuireann siad i bhfeidhm, más ann dó;

(g) stádas clárúcháin na suiteálacha dí-éillithe, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil an stádas nuachláraithe, á bhunú, gníomhach nó curtha ar fionraí, agus an dáta is déanaí athraithe ar an stádas sin;

(h) ainmneacha scéimeanna athchúrsála, agus ainmneacha agus seoltaí an eintitis a bhainistíonn an scéim;

(i) na marcálacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 9(5);

(j) i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 19(2);

(k) crostagairtí idir teicneolaíochtaí, próisis, scéimeanna, athchúrsálaithe, agus suiteálacha agus scéimeanna;

3. Coimeádfaidh an Clár an fhaisnéis thuasluaite i dtáblaí. Sannfaidh sé na heintitis seo a leanas a bhfuil uimhreacha uathúla acu, mar a leanas:

— tugtar uimhir údaraithe athchúrsála ("RAN") do phróisis athchúrsála údaraithe,

— sanntar uimhir oibreora athchúrsálaí d'athchúrsálaithe ('RON'),

— tugtar uimhir suiteála athchúrsála ("RIN") do shuiteálacha dí-éillithe,

— sanntar uimhir scéime athchúrsála (“RSN”) do scéimeanna athchúrsála,

— sanntar uimhir saoráide athchúrsála (“RFN”) do shaoráidí athchúrsála,

— sanntar uimhir teicneolaíochta nua (‘NTN’) do theicneolaíochtaí athchúrsála núíosacha.

4. Cuirfear an Clár ar fáil don phobal.

Airteagal 25

Lucht athchúrsála agus suiteálacha dí-éillithe a chlárú

1. Comhlíonfaidh athchúrsálaithe na ceanglais riaracháin seo a leanas:

(a) 30 lá oibre ar a laghad roimh dháta tosaigh tháirgeadh an phlaistigh athchúrsáilte i suiteáil dí-éillithe, cuirfidh an t-athchúrsáil an tsuiteáil agus seoladh na saoráide ina bhfuil sí lonnaithe nó uimhir na saoráide in iúl don Choimisiún agus don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil an tsuiteáil lonnaithe, chomh maith lena uimhir chláraithe féin má tá an t-athchúrsálaí cláraithe cheana féin, an uimhir údaraithe athchúrsála má chuireann sí próiseas údaraithe i bhfeidhm, agus uimhir na teicneolaíochta oiriúnaí nó nuálaí, de réir mar is infheidhme;

(b) tar éis fógra a fháil faoina chéad suiteáil dí-éillithe i gcomhréir le pointe (a), tabharfaidh an t-athchúrsálaí ainm a chuideachta, daoine teagmhála, agus seoladh a cheannoifige fógra don Choimisiún agus don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil an cheannoifig lonnaithe;

(c) beidh bileog achoimre an fhaireacháin ar chomhlíonadh críochnaithe ag an athchúrsálaí i gcomhréir le hIarscríbhinn II a bheidh ar fáil ag an tsuiteáil athchúrsála agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis inniúil í i gcomhréir le hAirteagal 26;

2. Tar éis fógra a fháil i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1, clárófar an tsuiteáil i gclár an Aontais agus déanfar an stádas clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (g), a “clárú go nua”.

3. San fhógra dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), áireofar tagairt don phróiseas athchúrsála údaraithe ar a n-oibrítear suiteáil an dí-éillithe, más ann di, don teicneolaíocht oiriúnach nó núíosach a chuireann sé i bhfeidhm, agus, más infheidhme, don scéim athchúrsála a bhfuil sí faoina réir.

4. Tabharfaidh an t-athchúrsálaí fógra don Choimisiún agus don údarás inniúil sa chríoch ina bhfuil an tsuiteáil dí-éillithe lonnaithe nó an t-athchúrsálaí bunaithe, de réir mar is ábhartha, ar an eolas faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis i gcomhair clárúcháin a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 26

Bileog achomair faireacháin ar chomhlíonadh agus fíorú oibriú suiteála dí-éillithe

1. Déanfaidh athchúrsálaithe an bhileog achomair faireacháin ar chomhlíonadh a tharraingt suas i gcomhair gach suiteála dí-éillithe atá faoina rialú, ag úsáid an teimpléid dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II, nó i gcás teicneolaíochta nua, an teimpléad arna sholáthar ag an bhforbróir, murab ionann é.

Sa bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh, cuirfear achoimre ar fáil ina mbeidh cur síos soiléir ar an tsuiteáil athchúrsála, ar a hoibriú, ar na nósanna imeachta agus na doiciméid ábhartha ar bhealach a léireoidh go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh.

Cuirfidh athchúrsálaithe san áireamh na treoirlínte is infheidhme arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún maidir leis an mbileog achomair faireacháin ar chomhlíonadh, chomh maith leis an gcás áirithe ag an tsaoráid athchúrsála lena mbaineann ina mbeidh an tsuiteáil lonnaithe.

2. Déanfaidh athchúrsálaithe an bhileog achomair faireacháin ar chomhlíonadh a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sa chríoch ina bhfuil an tsuiteáil dí-éillithe suite laistigh de mhí amháin ón dáta tosaigh ar táirgeadh plaisteach athchúrsáilte leis an tsuiteáil sin. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Choimisiún gan mhoill go bhfuarthas an bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh. Athrófar stádas an chlárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (g), go "á shuíomh".

3. Fíoróidh an t-údarás inniúil an bhfuil an fhaisnéis a chuirfear ar fáil ar an mbileog achoimre faireacháin maidir le comhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus déanfaidh sé rialú ar an tsuiteáil athchúrsála chun na críche sin i gcomhréir le hAirteagal 27.

I gcás nach féidir comhlíonadh a shuíomh, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar an athchúrsálaí an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta sa bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh, in oibriú na suiteála athchúrsála, nó sa dá cheann acu, de réir mar is iomchuí.

Nuair a shuífear go bhfuil siad á gcomhlíonadh, cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Athróidh stádas an chlárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (g), go "gníomhach".

4. Mura gcuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún ar an eolas go bhfuil an comhlíonadh bunaithe laistigh de bhliain ón dáta tosaigh ar táirgeadh plaisteach athchúrsáilte sa tsuiteáil dí-éillithe, déanfar stádas an chláraithe i gcomhréir le hAirteagal 24(2), pointe (g), a athrú go "curtha ar fionraí".

Má tá stádas suiteála dí-éillithe "i gceist" ar feadh bliana, bainfear an iontráil a bhaineann leis an tsuiteáil den Chlár.

CAIBIDIL VII

RIALUITHE OIFIGIÚLA

Airteagal 27

Rialuithe oifigiúla ar shuiteálacha athchúrsála

Áireofar go háirithe sna rialuithe oifigiúla ar shuiteálacha athchúrsála agus ar athchúrsálaithe iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 14, pointe (i), de Rialachán (AE) 2017/625.

Comhlánófar na hiniúchtaí sin leis an méid seo a leanas:

(a) measúnú ar nósanna imeachta maidir le dea-chleachtais monaraíochta i gcomhréir le hAirteagal 14, pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/625;

(b) scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 14, pointí (a) agus (e), de Rialachán (AE) 2017/625, ar an mbileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 26, agus, ar bhonn na bileoige achoimre sin, ar na rialuithe atá curtha i bhfeidhm ag oibreoirí agus ar na doiciméid agus na taifid dá dtagraítear sa bhileog achomair sin.

Airteagal 28

Neamhchomhlíonadh plaistigh athchúrsáilte

1. Suífidh údarás inniúil go bhfuil baisc de phlaisteach athchúrsáilte neamhchomhlíontach má aimsíonn sé le linn rialuithe oifigiúla:

(a) gur chuir athchúrsálaí é ar an margadh gan doiciméadacht iomchuí nó gan lipéadú iomchuí;

(b) ní féidir le hathchúrsálaí a léiriú ar bhonn a thaifid agus a dhoiciméad eile gur monaraíodh é i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(c) monaraíodh an bhaisc ag suiteáil athchúrsála nár oibríodh i gcomhréir leis an Rialachán seo le linn tréimhse a bunaíodh i gcomhréir le mír 3.

2. Nuair a shuitear gur baisc neamhchomhlíontach ceann amháin nó níos mó de na baisceanna, déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 138 de Rialachán (AE) 2017/625.

3. Measfar nach ndéanfar suiteáil athchúrsála a oibriú i gcomhréir leis an Rialachán seo nuair a bhunóidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil dhá bhaisc ar a laghad neamhchomhlíontach ar bhonn mhír 1, pointe (b), mar gheall ar easnaimh in oibriú na suiteála athchúrsála, agus gur dócha go ndéanfaidh na heasnaimh sin difear do bhaisceanna eile de dheasca a nádúir,

(b) nach bhfuil monarú plaistigh athchúrsáilte ag an tsuiteáil athchúrsála i gcomhréir leis na ceanglais ghinearálta a leagtar síos sa Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, leis na ceanglais shonracha is infheidhme maidir leis an teicneolaíocht oiriúnach athchúrsála a cuireadh i bhfeidhm agus maidir leis an bpróiseas athchúrsála a úsáidtear, nó i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme maidir leis an teicneolaíocht núíosach a cuireadh i bhfeidhm, nó,

(c) i gcás inarb ábhartha, ní fhéadfadh sí an bhileog achoimre faireacháin ar chomhlíonadh a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 24(3) laistigh de bhliain amháin ón dáta tosaigh ar táirgeadh plaisteach athchúrsáilte sa tsuiteáil dí-éillithe.

